

**Leabhrán Eolais don Iarrthóir**

# **ARDTEISTIMÉIREACH 2018**



**Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission**

# Clár an Ábhair

Réamhrá .....	3
Iontráil ar na Scrúduithe .....	3
An Scrúdú .....	3 - 5
Socruithe Réasúnta .....	5
Próiseas na Marcála .....	6
Ullmhú agus Eisiúint na dTorthaí .....	6
Seirbhís Torthaí ar an Idirlíon .....	7
Línte Cabhrach .....	7
Rochtain ar Scripteanna na Scrúduithe .....	7 - 9
Úinéireacht ar Scripteanna na Scrúduithe agus Obair Eile agus iad á gCoinneáil .....	10
An Áis chun Breathnú ar Scripteanna .....	10 - 11
Achomharc á dhéanamh .....	11 - 12
Próiseas na nAchomharc .....	13 - 14
Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc .....	14
Iarratais ar na Scrúdanóirí Achomharc Neamhspleácha .....	15
Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta .....	16
Sliocht as Na Rialacha agus an Clár do Mheanscoileanna .....	17 - 20
Nóta Eolais d'Iarrthóirí – Ag Breathnú ar na Scripteanna Marcáilte .....	21 - 22
Meabhrúchán do na hIarrthóirí – Dathanna na Scrúdpháipéar .....	23
Scrúdú na hArdteistiméireachta – Tráthchlár 2018 .....	24

## Réamhrá

Is é aidhm an leabhráin seo freagraí a thabhairt ar cheisteanna coitianta a bhíonn á gcur ag iarrthóirí agus ag a dtuismitheoirí agus sinn ag druidim le Scrúdú na hArdteistiméireachta. Tugtar duit an t-eolas a bheidh uait le linn na scrúduithe agus deirtear leat cad a bheidh ort a dhéanamh. Mínítear freisin próiseas na dtorthaí, conas breathnú ar scrípteanna agus conas iarratas ar achomharc a dhéanamh. Tá súil againn go mbainfidh tú tairbhe as an leabhrán seo. Má bhíonn tuilleadh ceisteanna agat maidir leis an Ardteistiméireacht déan teagmháil linn, le do thoil:

Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) Corr na Madadh, Baile Átha Luain, Co. na hIarmhí  
Teileafón: 090-6442700 Facs: 090-6442709 [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)

I mbliana, ba chóir duit **d’aird a dhíriú** ar an **gcuid maidir leis an Áis chun Breathnú ar Scrípteanna** ós rud é go bhfuil athruithe suntasacha déanta ar an seirbhís i mbliana nach mór duit bheith ar an eolas fúthu. Tharla na hathruithe seo mar gheall ar **níos mó bunchearta ó thaobh sonraí pearsanta faoin reachtaíocht um Chosaint Leanáí**.

Ar mhaithe le cothrom na Féinne a thabhairt do gach iarrthóir, ní mór na scrúduithe a rith ar bhealach dea-rialaithe. Bíonn fógraí ar taispeáint in ionaid scrúduithe chun na rialacha is tábhachtaí a gcaithfidh iarrthóirí cloí leo le linn na scrúduithe a mheabhú d’óibh. Ag deireadh an leabhráin seo gheobhaidh tú na rialacha agus rialacháin maidir le hiompar iarrthóirí ag na scrúduithe féin. **Ba chóir duit eolas a chur ar na rialacha agus ar na rialacháin ar lch 17, agus a nótáil má sháraíonn tú aon cheann díobh go mb’fhéidir go gceilfí torthaí do chuid scrúduithe ort agus go mb’fhéidir go gcoiscfí ort scrúduithe stáit a dhéanamh go gceann tréimhse.** Má tá amhras ar bith ort maidir le ceist ar bith, ba chóir duit dul i dteagmháil ar an gcéad dul síos le húdarás na scoile/le Feitheoir na scrúduithe.

### ***Eolas ginearálta maidir le riar na scrúduithe***

Déanfaidh breis agus 55,000 iarrthóir an Ardteistiméireacht in 2018. Scrúdófar breis agus 950,000 comhpháirt san iomlán (páipéir scríofa, béaltrialacha, trialacha cluastuisceana agus obair phraiticiúil) agus bronnfar tuairim agus 350,000 grád i 50 ábhar éagsúla dá bharr. Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit maoirseacht agus riar ar scrúdú na hArdteistiméireachta le comhoibriú na n-údarás scoile. Beidh breis agus 2000 feitheoir ag déanamh feitheoireachta ar scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta i mí an Mheithimh. Déanann tuairim agus 2800 scrúdaitheoir san iomlán obair na n-iarrthóirí a scrúdú.

### ***Cathain a thosaíonn na scrúduithe?***

Tosaíonn scrúduithe scríofa na hArdteistiméireachta Dé Céadaoin, 6 Meitheamh agus críochnaíonn siad Dé hAoine, 22 Meitheamh 2018. Seoladh tráthchlár oifigiúil scrúduithe na bliana 2018 go dtí na scoileanna níos luaithe i mbliana agus tá cóip de ar an leathanach cúil.

## Iontráil ar na Scrúduithe

### ***Conas a fhaignean CSS sonraí na n-iarrthóirí agus na n-ábhar a roghnaíonn siad?***

I gcás na n-iarrthóirí atá ag freastal ar iarbhunscoileanna, is iad na hiarrthóirí féin a sholáthraíonn na sonraí riachtanacha do CSS trí mheán na scoileanna. Deimhníonn CSS an t-eolas sin leis an scoil agus leis na hiarrthóirí roimh na scrúduithe. Cuirtear cóip de na sonraí iontrála ar fáil don Lár-Oifig Iontrála (CAO) chun cuidiú leo iarratais na n-iarrthóirí ar áiteanna ar na coláistí a phróiseáil.

Ar an mbealach céanna, soláthraíonn iarrthóirí nach bhfuil ag freastal ar iarbhunscoileanna (i.e. iarrthóirí seachtracha) a gcuid sonraí tríd an tseirbhís ar líne atá ar fáil ar **[www.examinations.ie](http://www.examinations.ie)**.

## An Scrúdú

### ***Cad is brí do na dathanna ar na scrúdpháipéir?***

Bándearg atá na clúdaigh tosaigh agus ar chúl de scrúdpháipéir Ardleibhéil na hArdteistiméireachta, Gorm atá na scrúdpháipéir Ghnáthleibhéil san Ardteistiméireacht agus dath na Pétseoige atá ar na scrúdpháipéir Bhonnleibhéil san Ardteistiméireacht. Ar leibhéal comónta a dhéantar na hábhair go léir san Ardteistiméireacht Fheidhmeach agus dath Bánbhúí atá ar na clúdaigh de na scrúdpháipéir sna hábhair sin. Beidh fógra a léiríonn dathanna na

scrúdpháipéar ar taispeáint in ionad na scrúduithe. Tá cóip den fhógra i gcúl an leabhráin seo freisin. Ba chóir do na hiarrthóirí dul i dtaithí ar dhathanna na scrúdpháipéir. Taispeántar an teideal agus leibhéal de gach páipéar freisin ag bun gach leathanaigh de na páipéir.

### ***Conas a dhéantar feitheoireacht ar na scrúduithe?***

Feitheoir a dhéanann feitheoireacht ar gach ionad scrúduithe. Déanann an Feitheoir maoirseacht ar réachtáil na scrúduithe. Ar na cúraim atá i gceist leis sin tá, na scrúdpháipéir agus na freagarleabhair a dháileadh, a dheimhniú go dtosaíonn agus go gcríochnaíonn na scrúduithe ag an am ceart, agus a dheimhniú go bhfuil timpeallacht oiriúnach agat chun do chuid scrúduithe a dhéanamh.

### ***An bhfuil rialacha sonrath ann maidir le hiompar na n-iarrthóirí?***

Tá. Baineann siad lena leithéid d'am is cóir a bheith i láthair, an t-ionad a fhágáil roimh dheireadh an scrúdaithe, cóipeáil, etc. Tá na rialacha leagtha amach i gcúl an leabhráin seo agus ba chóir duit a dheimhniú go bhfuil mioneolas agat ar na rialacha sula dtosaíonn na scrúduithe. Tá sé mar fhreagracht ort a chinntiú go gcloíonn tú leis na rialacha seo i gcónaí.

### ***An bhfuil rialacha ann maidir le hobair chúrsa phraiticiúil a chríochnú?***

Tá. D'obair indibhidiúil féin a chaithfidh a bheith san obair chúrsa phraiticiúil ar fad. Ní mór duit an obair chúrsa phraiticiúil a dhéanamh faoi mhaoirseacht an mhúinteora ranga ionas gur féidir leis an múinteoir monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn ar bhonn rialta agus a bheith in ann an obair a dhearbhu mar d'obair indibhidiúil féin.

### ***Céard a tharlaíonn má thugann duine éigin cúnamh dom leis an scrúdú?***

D'fhéadfadh iarmhairtí tromchúiseacha a bheith ann d'aon duine a bhfuil baint aige/aici le cúnamh míchuí a thabhairt duit mar san Acht Oideachais, 1998 déantar foráil do chionta áirithe maidir le réachtáil na scrúduithe. Déanfar fiosrú iomlán ar gach cás ina bhfuil amhras ar chóipeáil, ar chúnamh míchuí, ar bhraidaíl nó ar sholáthar píosaí a d'ullmhaigh duine éigin eile agus d'fhéadfadh sé go gcuirfí pionós ort.

### ***Cad iad na pionóis má bhrisim na rialacha?***

Braitheann sé sin ar an gcás. I dtéarmaí ginearálta, áfach, má sháraíonn tú na rialacha a bhaineann le scrúdú nach ndéantar feitheoireacht air (obair a dhéantar in imeacht tréimhse ama, obair thionscadail nó obair chúrsa, mar shampla), is é is dóichí go gcaillfidh tú iomlán na marcanna ar an gcomhpháirt sin. Má sháraíonn tú na rialacha i scrúdú a ndéantar feitheoireacht air (scrúdú scríofa, béaltrial nó triail phraiticiúil, mar shampla), is é is dóichí go gcaillfidh tú toradh an scrúdaithe ina iomláine. Tabhair do d'aire gur féidir go ngearrfaí pionóis níos tromchúisí ná sin agus, ag brath ar cé chomh tromchúiseach is a bheadh an cás, d'fhéadfaí torthaí na scrúduithe ar fad (an Ardeistiméireacht go léir) a choinneáil siar uait agus/nó tú a chosc ar chur isteach ar scrúduithe stáit sna blianta ina dhiaidh sin. Gearrtar na pionóis de réir Riail 76 de Na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna. Féachfaidh CSS an ionann an rud a tharlaíonn agus cion faoi Alt 52 den Acht Oideachais. Má mheastar gur cion atá ann, is faoin reachtaíocht a phléifear an cás.

### ***An mbíonn botúin riamh ar an scrúdpháipéar? Más ea, cad a dhéanann an CSS?***

Bíonn bearta leitheadacha i bhfeidhm ag an CSS le linn don pháipéar a bheith á réiteach chun botúin a chosc sa chéad áit nó chun iad a aimsiú roimh an scrúdú má dhéantar botúin. Ar an drochuair, áfach, tarlaíonn sé corruair i ngach córas scrúduithe, is cuma cé chomh leitheadach is a bhíonn na bearta, go mbíonn botún ar scrúdpháipéar nár aimsíodh roimh ré. Is é an bunphrionsabal atá againn nár chóir go mbeadh na hiarrthóirí faoi mhíbhuntáiste mar gheall ar bhotún ar scrúdpháipéar.

Má tharlaíonn botún, féachfar chuige, chomh fada agus is féidir, go mbíonn bearta i bhfeidhm, chun cloí leis an bprionsabal sin. Ní hé an rud céanna a dhéanfar gach uair mar cinnfear ar an gcur chuige de thoradh mionanailise ar an gcaoi is dócha a rachadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin ag [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) faoin gcaoi a ndéileáiltear le botúin ar scrúdpháipéir.

## **An mbeidh scrúdú na bliana seo ar an gcaighdeán céanna le blianta eile?**

Tá sé de fhreagracht ar CSS caighdeáin chomhleanúnacha mharcála a choimeád ó bhliain go bliain. Tá nósanna imeachta mionsonraithe leagtha síos ag an CSS nach mór do gach duine a bhfuil baint aige le réiteach na scrúdpháipéar cloí leo le deimhniú, chomh fada agus is féidir a thuar roimh ré, go mbeidh gach scrúdú mórán mar an gcéanna ó thaobh deacrachta de leis na cinn a bhí ann roimhe. Má bhíonn méid áirithe éagothroime sa scrúdú ó thaobh deacrachta de, d'ainneoin na nósanna imeachta, is sa scéim mharcála agus i gcur i bhfeidhm na scéime marcála a dhéileáiltear leis sin. Ullmhaítear an scéim mharcála roimh an scrúdú agus déanann grúpa saineolaithe san ábhar í a iniúchadh go cúramach tar éis an scrúdaithe. Cuireann siad a gcuid eolais agus a gcuid taithí féin san áireamh chomh maith le tuairimí ó chumainn na múinteoirí agus ó dhaoine eile. Cuireann siad leagan den scéim mharcála i bhfeidhm ar bhonn trialach ar shampla randamach d'obair na n-iarrthóirí, ag féachaint an bhfuil an scéim cothrom agus ag féachaint an oibríonn an scrúdpháipéar agus an scéim i dteannta a chéile leis an gcaighdeán céanna scrúdúcháin a bhaint amach is a baineadh amach blianta eile. Déanann siad an scéim mharcála a choigeartú más gá agus ansin marcáiltear obair na n-iarrthóirí go léir leis an leagan deireanach seo den scéim. Tá tuilleadh eolais ar fáil ar ár suíomh gréasáin [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) faoin gcaoi a socraítear na caighdeáin agus faoin gcaoi a réachtáiltear próiseas na marcála, bearta deimhniúcháin cáilíochta san áireamh.

## **Socruithe Réasúnta do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu**

### **Conas a fhreastalaítear ar iarrthóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu?**

Má bhíonn riachtanais speisialta oideachais agat (deacrachtaí foghlama san áireamh chomh maith le riocht atá buan nó sealadach a bhaineann le cúrsaí fisiceacha, amhairc, éisteachta, leighis, céadfacha, mothúcháinacha nó iompair, nó riocht éigin eile), a dhéanann a dhéanann díobháil do d'fheidhmíocht sna scrúduithe, beidh iarratas déanta roimhe seo agat féin nó ag do scoil ar an CSS ar shocrú réasúnta. I gcásanna áirithe, socrófar go mbeidh díolúine agat i ngné áirithe a thástáiltear i gcás iarrthóirí eile, litriú cruinn, cuir i gcás.

Is é cuspóir na socruithe réasúnta:

- (a) drochthionchar an mhíchumais ar fheidhmíocht iarrthóra a chur ar neamhní chomh fada agus is féidir, ionas gur féidir leis an iarrthóir leibhéal a g(h)nóthachtála a léiriú sa scrúdú, agus
- (b) a dheimhniú go mbeidh gach deis ag iarrthóirí leibhéal a ngnóthachtála a léiriú gan buntáiste a bhronnadh ar aon duine leis na socruithe réasúnta i gcomórtas le hiarrthóirí eile ar an scrúdú céanna.

Ar na socruithe réasúnta atá ar fáil tá: léitheoir a bheith ar fáil, scrúdpháipéir leasaithe, leaganacha Braille de scrúdpháipéir nó scrúdpháipéir faoi chló méadaithe. Is féidir cead a fháil freisin do chuid freagraí a thaifeadh ar ghléas taifeadta nó iad a dhéanamh ar phróiseálaí focal nó do fhreagra a dheachtú do scríobhaí. Má tá socrú réasúnta déanta duit beidh litir agat ón CSS ina mbeidh eolas cruinn ar a bhfuil i gceist leis an socrú sin atá le déanamh duit. Má tá aon cheist agat faoi shocruithe réasúnta féach, le do thoil, an litir sin agus na leabhráin faoi Socruithe Réasúnta sna Scrúduithe Teastais in 2018, 'Treoir do Scoláirí' agus 'Treoracha do Scoileanna'.

**Má bhíonn aon cheist agat faoin socrú réasúnta a rinneadh duit, téigh i dteagmháil le Rannóg na Socruithe Réasúnta**

**Teileafón 090-6442782 Facs: 090 6442744 R-phost: [race@examinations.ie](mailto:race@examinations.ie)**

### **Conas a fhreastalaítear ar iarrthóirí a mbaineann timpistí dóibh nó a dtagann tinneas orthu díreach roimh na scrúduithe nó lena linn?**

Déantar socruithe réasúnta, nuair is féidir, d'iarrthóirí a mbaineann timpistí dóibh díreach roimh na scrúduithe nó lena linn. Má tharlaíonn a leithéid duit, déan teagmháil le do scoil láithreach bonn. Sampla den socrú réasúnta is féidir a dhéanamh i gcás mar sin ná soláthar a dhéanamh d'iarrthóir leis na scrúduithe a dhéanamh in ospidéal. Ní féidir socruithe a dhéanamh le scrúduithe a dhéanamh ar aon lá seachas ar an lá ceaptha.

### **Úsáid Foclóirí Dátheangacha sna Scrúduithe Teastais**

Ceadaíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) d'iarrthóirí nach é an Béarla ná an Ghaeilge a gcéad teanga foclóirí dátheangacha a úsáid sna scrúduithe teastais.



- Beidh sé de chead ag iarrthóirí úsáid a bhaint as foclóirí dátheangacha i gcomhair aistriúcháin idir céad teanga an iarrthóra agus an Béarla nó an Ghaeilge, (e.g. Rúisis-Béarla, Béarla-Rúisis), ach ní cheadaítear foclóir aonteangach, (e.g. foclóir Rúisise ina mínítear focail sa Rúisis).
- Tá cead ag an iarrthóir foclóir dátheangach dá leithéid a úsáid sna scrúduithe go léir ach amháin iad seo a leanas:
  - o scrúdú i máthairtheanga an iarrthóra
  - o scrúdú Gaeilge
  - o scrúdú Béarla
  - o scrúdú i dteanga a bhfuil gaol gairid aici le máthairtheanga an iarrthóra.
- Ní ceadmhach foclóir dátheangach ina bhfuil míniúcháin nó sainmhínithe sa bhunteanga.
- Ní ceadmhach foclóirí leictreonacha, gluais, liosta focal ná aistritheoir leictreonach.
- Ní ceadmhach foclóir ina bhfuil nótaí breise de shaghas ar bith.
- Ní mór do na foclóirí dátheangacha a bheith ag teacht leis na teoracha i **gCiorclán S96/17 Úsáid Foclóirí Dátheangacha sna Scrúduithe Teastais**

## Próiseas na Marcála

### ***Cé a mharcálann mo chuid oibre?***

Déanann an CSS scrúdaitheoirí, múinteoirí a bhfuil taithí acu san ábhar ar leith go hiondúil, a cheapadh chun an mharcáil a dhéanamh. Cuireann baill d'fhoireann Rannóg na Scrúduithe agus an Mheasúnaithe san CSS oiliúint orthu agus déanann siad monatóireacht orthu.

### ***Conas a dhéantar mo chuid oibre a mharcáil?***

Chun a dheimhniú go ndéantar obair gach iarrthóra a mharcáil ar an gcaoi chéanna, ullmhaítear scéim mharcála do gach scrúdú. Bíonn an scéim mharcála i bhfad níos mionsonraithe ná an dáileadh marcanna a thaispeántar ar an scrúdpháipéar, agus déileáiltear ann leis na bealaí inghlactha le gach ceist a fhreagairt. Scrúdaitheoirí a bhfuil seantaithí acu ar an obair a chuireann bailchríoch ar an scéim mharcála le linn comhdhálacha a thionóltar go gairid tar éis na scrúduithe. Fágann sé sin gur féidir tuairimí faoin bpáipéar atá nochta ag cumann múinteoirí an ábhair, agus ag páirtithe leasmhara eile, a chur san áireamh. Foilsíonn an CSS scéim mharcála do gach ábhar ina dhiaidh sin. Beidh na scéimeanna marcála ar fáil sna scoileanna agus ar [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) faoi dheireadh mhí Lúnasa in am do bhreathnóireacht na scrípteanna.

### ***Conas a dhéantar monatóireacht ar phróiseas na marcála?***

Déanann an Príomhscrúdaitheoir monatóireacht ar mharcáil na scrúduithe agus féachann sé/sí chuige go ndéanann na scrúdaitheoirí go léir an mharcáil de réir na scéime marcála. Ag céimeanna éagsúla le linn phróiseas na marcála, cuireann scrúdaitheoirí isteach samplaí d'obair iarrthóirí atá marcáilte acu. Soláthraíonn siad staitisticí freisin i dtaca leis na marcanna atá á mbronnadh acu chun gur féidir leanúint leis an monatóireacht ar phróiseas na marcála i rith an ama.

## Ullmhú agus Eisiúint na dTorthaí

### ***Conas a dhéanann an CSS na torthaí a phróiseáil agus a dheimhniú?***

Nuair a bhíonn marcáil na scrípteanna críochnaithe ag scrúdaitheoir cuirtear an t-eolas go léir ar ais go dtí an CSS. Déantar do mharc iomlán ar gach comhpháirt d'ábhar (béaltrial, triail chluastuisceana, obair phraiticiúil, páipéir scríofa, etc.) a iontráil sa chóras ríomhaireachta agus déanann oibrí éagsúil é a iontráil an dara huair chun a chinntiú go bhfuil gach rud cruinn ceart.

### ***An féidir go mbeadh botúin ann?***

Is féidir botúin a bheith ann corruair. Tá próiseas chun breathnú ar scrípteanna agus próiseas na n-achomharc ann, áfach, sa chaoi gur féidir leat a fheiceáil cad é go díreach mar a marcáladh do chuid oibre agus sa chaoi go mbeidh deis agat achomharc a dhéanamh má shíleann tú go ndearnadh botún. Nuair a chuirtear san áireamh an toirt ollmhór scrípteanna agus ábhar eile scrúdaithe a bhíonn ann, agus an líon mór daoine a bhfuil baint acu le marcáil agus le próiseáil na dtorthaí, bíonn leibhéal an-íseal botún ann. Tá córas ag an CSS le gach rud a sheiceáil agus a athsheiceáil ionas gur féidir botúin a aimsiú agus a cheartú sula n-eisítear na torthaí.

### ***Cén fhormáid a bhíonn ar na torthaí?***

Ar an lá a n-eisítear na torthaí, gheobhaidh tú ráiteas torthaí sealadacha. Cuirtear tuairisc fhorlíontach nó tuairisc bhreise ar fáil chomh maith i gcás go bhfuil fadhb ag baint le toradh in ábhar áirithe. Mar shampla, mura ndéanann tú Páipéar 1 sa Ghaeilge ní bhfaighidh tú creidiúint ar bith as an bpáipéar sin sa ghrád iomlán. Eiseofar tuairisc fhorlíontach le do thoradh le dearbhú nár tugadh creidiúint ar bith duit as Páipéar 1. Fágann sé sin gur féidir leat tú féin a shásamh gur cuireadh gach comhpháirt a rinne tú san áireamh sa toradh deiridh. Tugtar cóip de na torthaí sealadacha do na scoileanna freisin.

Tabhair do d'aire gur cion é, de réir théarmaí an Achta Oideachais 1998, athrú ar bith a dhéanamh ar thaifead ar a bhfuil torthaí scrúduithe nó úsáid a bhaint as aon taifead dá leithéid agus a fhios agat go bhfuil na torthaí sin bréagach.

### ***Cad iad na socruithe chun torthaí a eisiúint in 2018?***

Déanfar na torthaí a sheachadadh chuig na scoileanna **Dé Céadaoin, 15 Lúnasa, 2018**. Déanfaidh an CSS na torthaí a sheoladh go leictreonach freisin chuig an Lár-Ionad Iontrála (CAO). Fágann sé sin go mbeidh ar chumas an CAO tosú ar na hiarratais ar áiteanna san ardoideachas a phróiseáil agus na tairiscintí ar áiteanna san ardoideachas a eisiúint chugat chomh luath agus is féidir.

## **Seirbhís Torthaí ar an Idirlíon**

Is féidir leat torthaí na scrúduithe a fháil ar an idirlíon freisin agus tú ag úsáid Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN) mar aon le do scrúduimhir. Cuirfear an PIN ar fáil duit ar scoil nó tabharfar go díreach duit é má chuir tú isteach ar an scrúdú mar iarrthóir seachtrach. I mbliana, beidh an tSeirbhís Torthaí ar an Idirlíon ar fáil ó mheán lae an lá a eiseofar na torthaí, **Dé Céadaoin, 15 Lúnasa**. Seirbhís mhalartach atá sa tSeirbhís Torthaí ar an Idirlíon má tharlaíonn, ar chúis éigin, nach féidir leat leas a bhaint as an tseirbhís torthaí a chuireann do scoil ar fáil. Níl sé i gceist na seirbhísí idirlín seo a chur in áit na seirbhíse agus na comhairle luachmhaire a thugann scoileanna d'iarrthóirí tráth na dtorthaí. Chomh maith leis sin, beidh teacht agat sa scoil ar na cáipéisí go léir atá riachtanach le leas a bhaint as an bpróiseas chun breathnú ar scrípteanna agus as próiseas na n-achomharc.

### ***Seoladh Gréasáin***

Is é [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) an seoladh chun teacht ar thorthaí ar an idirlíon. Cuirfear an Uimhir Aitheantais Phearsanta (PIN) ar fáil duit ar scoil nó tabharfar go díreach duit é má chuir tú isteach ar an scrúdú mar iarrthóir seachtrach, i.e. iarrthóir nach bhfuil ag freastal ar scoil.

## **Línte Cabhrach**

Bíonn líne chabhrach do scoileanna ag an CSS ar feadh na chéad seachtaine tar éis eisiúint na dtorthaí. Is é an cuspóir atá leis sin ná a chur ar chumas scoileanna fadhb ar bith le torthaí sealadacha iarrthóirí indibhidiúla a réiteach go tapa.

Gach bliain eagraíonn Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunscoil) líne luachmhar chabhrach a thugann comhairle agus treoir d'iarrthóirí agus do thuismitheoirí. Bíonn comhairleoirí proifisiúnta gairmthreorach ina bun ar feadh seachtaine tar éis eisiúint na dtorthaí. (Cuireann an Chomhairle líne chabhrach ar fáil freisin ar feadh seachtaine tar éis don CAO na tairiscintí a eisiúint.) Is í an Uimhir Saorfóin don dá líne chabhrach ná **1800 265 165**. Is í an ghnáthuimhir theileafóin ag Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí (Iarbhunscoil) d'fhiosruithe ginearálta ná **(01) 830 2740**.

## **Rochtain ar Scrípteanna na Scrúduithe**

### ***Cearta um Chosaint Sonraí agus an Áis chun Breathnú ar Scrípteanna***

Déanann Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) é a éascú d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta rochtain a dhéanamh ar scrípteanna na scrúduithe tríd an áis *Chun Breathnú ar Scrípteanna* a bhíonn ar siúl i

scoileanna dhá sheachtain tar éis eisiúint thorthaí na hArdteistiméireachta. Leis an áis seo, atá ar fáil d'iarrthóirí na hArdteistiméireachta le fiche bliain anuas, tá iarrthóirí in ann breathnú ar a scrípteanna agus féachaint conas a cuireadh scéim na marcála i bhfeidhm ina gcuid oibre. Mar thoradh air seo tá siad in ann cinneadh a dhéanamh bunaithe ar eolas cé acu an ndéanfaidh siad a dtorthaí a achomharc nó nach ndéanfaidh siad roimh dháta deiridh na n-achomharc. Roimhe seo, agus iad ag Breathnú ar Scrípteanna, bhí iarrthóirí in ann a script a fheiceáil ach ní raibh siad in ann cóip a dhéanamh dá script. I bhfianaise rialú cúirte a tharla le déanaí tá an tseirbhís chun breathnú ar scrípteanna á hathrú ag an CSS i mbliana ionas go mbeidh iarrthóirí in ann cóipeanna a dhéanamh dá scrípteanna i rith na seisiún chun breathnú ar scrípteanna ag baint úsáide as a ngléas digiteach féin.

Tar éis cinneadh a bheith déanta ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, maidir le cás nár bhain leis an CSS, meastar gur sonraí pearsanta iad na freagraí a chuireann iarrthóirí isteach sna scrúduithe agus aon ráitis a dhéanann na scrúdaitheoirí faoi na freagraí sin faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, tá ceart dlíthiúil agatsa, mar ábhar sonraí, cóip de na sonraí pearsanta sin atá ag an CSS fút a fháil. I gcomhréir leis an rialú de Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, tá scrípteanna na scrúduithe san áireamh sa cheart seo maidir le rochtain a dhéanamh.

Cé go bhfuil ceart dlíthiúil agat anois cóip de do scrípteanna scrúduithe a fháil, tá dualgas ar an CSS freisin torthaí scrúduithe na hArdteistiméireachta agus na hachomhairc a phróiseáil agus a eisiúint faoi na spriocdhátaí atá ag teacht. Tá na socruithe atá curtha i bhfeidhm i mbliana, ionas gur féidir na dualgais seo a bhaint amach, leagtha amach sa chuid seo a leanas.

### ***An mbeidh áis chun Breathnú ar Scrípteanna ann i mbliana?***

Beidh – leanfaidh an CSS ag cur na seirbhíse chun Breathnú ar Scrípteanna ar fáil i scoileanna. Leis an seirbhís seo cuirtear deis ar fáil duit féachaint conas a marcáladh do script d'fhonn cinneadh bunaithe ar eolas a dhéanamh cé acu ar chóir nó nár chóir achomharc a dhéanamh ar do thoradh. An chúis a bhfuil an tseirbhís seo fós á cur ar fáil againn ionas go mbeidh an deis go fóill ag iarrthóirí le bheith in ann rochtain a dhéanamh ar a scrípteanna scrúdaithe féin roimh dháta deiridh na n-achomharc. Is é an dáta deiridh i mbliana, **Dé Céadaoin, an 5 Meán Fómhair**. Mar gheall ar thoir ollmhór na scrípteanna a bhíonn ann, dá gcuirfeadh an CSS an tseirbhís chun Breathnú ar Scrípteanna ar ceal agus ina ionad go ndéanfaidh iarrthóirí iarratais ar rochtain sonraí le haghaidh cóipeanna dá scrípteanna faoin reachtaíocht um Chosaint Sonraí, ní bheimis in ann aon rochtain ar scrípteanna a chur ar fáil roimh an dáta deiridh de na hachomhairc, is é sin an **5 Meán Fómhair**. Dá bhrí sin, ar mhaithe le trédhearcacht, tá an tseirbhís thábhachtach seo á coimeád againn ach tá difear suntasach amháin i gceist leis.

I mbliana, ag an seisiún ceaptha chun Breathnú ar Scrípteanna, beidh tú in ann cóip a dhéanamh de do script, nó scrípteanna, agus úsáid á baint as d'fhón póca, táibléad nó ceamara digiteach féin le híomhánna a ghlacadh de do script(eanna). Tá an áis bhreise seo á cur ar fáil mar thoradh ar an reachtaíocht um Chosaint Sonraí agus ní chuireann sé isteach ar do chearta dlíthiúla.

### ***Cathain is féidir liom cóipeanna de mo scrípteanna a fháil?***

Is é an uair is luaithe a bheidh rochtain agat ar do scrípteanna ná ag na seisiúin chun Breathnú ar Scrípteanna ar an 31 Lúnasa agus ar an 1 Meán Fómhair. Mura bhfreastalaíonn tú ar sheisiún chun Breathnú ar Scrípteanna, agus má chinneann tú iarratas ar rochtain a dhéanamh ar shonraí chuig an CSS, ní bhfaighidh tú cóipeanna de do scrípteanna go dtí i ndiaidh an dáta deiridh do na hachomhairc. Beidh dáta deiridh na n-achomharc i bhfeidhm go docht, mar sin faoin am a fhaigheann tú cóip de do script(eanna) beidh an deis cailte agat do thoradh a achomharc.

### ***An gcuirfidh an scoil seirbhísí cóipeála ar fáil dom?***

Ní chuirfidh. Ní bheidh cead ach amháin ag iarrthóirí a úsáideann a ngléasanna digiteacha féin (fón póca, táibléad, ceamara) cóip a dhéanamh dá script féin. Tabharfar treoir do scoileanna nach mbeidh siad in ann aon fhótachóipeanna ná scanadh de scrípteanna a dhéanamh ná nach mbeifí in ann iad a dhéanamh sa scoil ag baint úsáide as áiseanna na scoile. Tá dhá chúis leis seo: ar an gcéad dul síos, ar chúiseanna praiticiúla ós rud é gur



tréimhse ama an-gherr atá i gceist leis an bpróiseas chun breathnú ar scrípteanna, agus ar an dara dul síos, ó thaobh imní go gcaillfí scrípteanna nó go ndéanfaí damáiste dóibh le linn phróiseas na cóipeála/an scanta. Is é seo an chúis nach mbeidh ach tusa amháin in ann do chóipeanna féin a dhéanamh ag baint úsáide as do ghléas digiteach féin san ionad breathnóireachta.

### ***An féidir liom iarratas ar rochtain a dhéanamh ar mo script faoin Acht um Chosaint Sonraí?***

Is féidir leat. Ach tá teorainn le cathain is féidir leat iarratas ar rochtain a dhéanamh agus cé chomh fada agus a ghlacfaidh sé go ndéanfaí d'iarratas a phróiseáil.

Faoin Acht um Chosaint Sonraí, tá dualgas ar an CSS, mar rialaitheoir sonraí, freagra a thabhairt d'iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh sonraí pearsanta laistigh de 30 lá ó bhfuarthas an t-iarratas. Is féidir le rialaitheoirí sonraí cur leis an tréimhse ama seo, áfach, go dtí 90 lá nuair a bhíonn sé ródheacair freagra a thabhairt laistigh de 30 lá mar gheall ar líon agus castacht na n-iarratas. Déanann an CSS milliún script scrúduithe scríofa a phróiseáil agus milliún eile de chomhpháirteanna a bhaineann leis an scrúduithe (obair phraiticiúil agus obair thionscadail; béaltrialacha; léirithe; etc.) gach bliain. Faoi réir na dteorainneacha atá leagtha amach thíos, ba chóir go mbeidís siúd a dhéanann iarratais ar scrípteanna faoin Acht um Chosaint Sonraí ag súil go nglacfaidh sé suas le 90 lá sula bhfaigheann siad a scrípteanna ó dháta an iarratais.

Chomh maith leis na teorainneacha ginearálta seo, tá srianta ama ar leith maidir le rochtain a dhéanamh ar thorthaí agus scrípteanna scrúduithe atá sa reachtaíocht um Chosaint Sonraí. Leis an srianta seo déantar iarracht an chothromaíocht cheart a aimsiú idir ligean d'iarrthóirí a gcearta a fheidhmiú lena sonraí pearsanta a fháil agus a chinntiú gur féidir le soláthraithe scrúduithe, ar nós an CSS, leanúint ar aghaidh agus soláthar a dhéanamh ar an bpríomhfheidhm atá acu le scrúduithe a réachtáil agus torthaí scrúduithe agus achomhairc a chur ar fáil faoi na spriocdhátaí atá ag teacht. Tá srian an-sainiúil ann freisin maidir le rochtain a dhéanamh ar script scrúdú na hArdteistiméireachta atá mar ábhar achomhairc.

Faoin reachtaíocht, an dáta is luaithe inar féidir leis an CSS iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh torthaí nó scrípteanna scrúduithe a mheas ná dáta eisiúna na dtorthaí. Mar sin, má dhéanann tú iarratas roimh an dáta eisiúna de thorthaí na hArdteistiméireachta, ní thosaíonn an tréimhse ama le hobair a dhéanamh ar d'iarratas go dtí an 15 Lúnasa, dáta eisiúna na dtorthaí. Ar an mbealach céanna, tá srian ama maidir le hiarratas a dhéanamh ar rochtain sonraí do thoradh achomhairc. Má dhéanann tú toradh a achomharc agus ansin má dhéanann tú iarratas ar rochtain sonraí le haghaidh thoradh an achomhairc, ní thosaíonn an tréimhse ama le hobair a dhéanamh ar d'iarratas go dtí an dáta nuair a fhoilsítear torthaí an n-achomharc i lár mhí Dheireadh Fómhair.

Chomh maith leis sin, má dhéanann tú toradh scrúdaithe de chuid na hArdteistiméireachta a achomharc, agus má rinne tú iarratas ar rochtain sonraí cheana féin le haghaidh na scrípte a bhaineann leis an toradh sin, ansin ní thosaíonn an tréimhse ama le hobair a dhéanamh ar d'iarratas go dtí an dáta a eisítear torthaí na n-achomharc.

Moltar go mór duit do cheart a fheidhmiú le breathnú ar do scrípteanna ag an seisiún chun Breathnú ar Scrípteanna. Cé go bhfuil tú gan amhras i dteideal iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh do chóip de do scrípteanna, tugann an tseirbhís chun Breathnú ar Scrípteanna an **t-aon** deis duit rochtain a dhéanamh ar do scrípteanna roimh dháta deiridh na n-achomharc. Ina theannta sin, má bhreathnaíonn tú ar scrípteanna ní chuirtear cosc ort iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ach an oiread.

### ***An féidir liom cóipeanna d'ábhar scrúdaithe a fháil seachas scrípteanna scrúduithe scríofa faoin Acht um Chosaint Sonraí?***

An ceart atá agat ná cóip de do shonraí pearsanta a fháil, ní an bhunobair. Má tá sé indéanta comhpháirteanna eile a chóipeáil ansin beidh tú in ann do chearta um chosaint sonraí a fheidhmiú le go gcuirfí cóip ar fáil duit. Tá an t-ábhar scrúdaithe uile atá in ann a bheith mar ábhar iarratais ar rochtain sonraí faoi réir na srianta ama céanna mar atá leagtha amach thuas. Is féidir roinnt obair thionscadail agus phraiticiúil a choinníonn agus a dhéanann an CSS a mharcáil sna scoileanna a chur ar ais chuig iarrthóirí tar éis eisiúint thorthaí na n-achomharc. (Féach *Ábhar a Choinneáil* thíos).

Déanaimid gach béaltriall a thaifeadadh agus beidh tú in ann iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh don chomhpháirt seo. Má dhéanann tú a leithéid iarratais tabharfar taifeadadh de do chuid freagraí amháin; ní chuirfimid na ceisteanna a cuireadh ort sa triail ar fáil duit. Murab ionann is do chuid freagraí, ní do chuid sonraí pearsanta atá sna ceisteanna seo agus ní ábhar poiblí iad na ceisteanna a chuirtear sna béaltrialacha, murab ionann is na cinn atá ar fáil ar na páipéir scrúdaithe. Is é an cás a bheidh ann go fóill ná nach gcuirfear ach amháin na scrípteanna scríofa, dialanna obair chúrsa agus ábhair scríofa eile ar fáil don Bhreathnú ar Scrípteanna.

### ***An mbeidh rochtain agam ar mo mharcanna praiticiúla agus ar mharcanna na mbéaltrialacha ag an mbreathnú ar scrípteanna?***

Ní bheidh. Níl an t-eolas seo curtha ar fáil ag an mBreathnú agus ní scaoiltear na marcanna seo go hiondúil. Ach, ba chóir duit a thabhairt faoi deara, seachas dhá eisceacht, tugtar athchuid iomlán ar an obair phraiticiúil agus ar na béaltrialacha mar chuid den phróiseas achomhairc. Is iad an dá eisceacht ná an tástáil léirithe phraiticiúil a dhéantar mar chuid den scrúdú Ceoil agus an chomhpháirt tionscadail d'Eolaíocht Talmhaíochta. Is féidir leat iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh le go gcuirfear na marcanna seo ar fáil duit.

### ***Tá cearta agam ráitis na scrúdaitheoirí a fháil freisin – conas is féidir liom rochtain a dhéanamh orthu seo?***

Níl cead ag scrúdaitheoirí de chuid an CSS ráitis i scríbhinn a dhéanamh ar scrípteanna. Tá siad teoranta leis an scéim mharcála a chur i bhfeidhm ar an script. In ábhair áirithe, e.g. Béarla, baineann na scrúdaitheoirí úsáid as nótaí mínithe chun a léiriú cár chaill nó cár ghnóthaigh iarrthóir marcanna i gcomhréir leis an scéim mharcála. Nuair a bhreathnaíonn tú ar do script scrúdaithe, nó nuair a fhaigheann tú cóip de trí iarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh, feicfidh tú do chuid freagraí ar an scrúdú agus ráitis an scrúdaitheora (i.e. na marcanna agus aon nótaí mínithe a d'úsáid an scrúdaitheoir) ar an script.

### ***Cén fáth a bhfuil dhá sheit marcanna ar mo script?***

Bíonn dhá sheit marcanna ar roinnt scrípteanna – tarlaíonn sé seo nuair a dhéantar script a roghnú le dearbhú cáilíochta a dhéanamh air i bpróiseas na marcála. Déanann scrúdaitheoir níos sinsearaí, ar a dtugtar Scrúdaitheoir Comhairleach, monatóireacht ar obair gach scrúdaitheora. Sa phróiseas um dhearbhu cáilíochta seo, ní mór do gach scrúdaitheoir líon scrípteanna a chur chuig a Scrúdaitheoir Comhairleach a dhéanann athbhreithniú ar an marcáil a chuirtear i bhfeidhm ar an script. Uaireanta níl an scrúdaitheoir tar éis marcáil a dhéanamh i gcomhréir leis an scéim mharcála – tá marcáilte ródheacair nó ró-éasca – agus déanfaidh an Scrúdaitheoir Comhairleach an script a athmharcáil i gcomhréir leis an scéim mharcála agus cuirfidh sé/ sí aiseolas ar fáil don scrúdaitheoir le feabhas a chur a c(h)uid mharcála. Breathnaítear ar mharcanna na Scrúdaitheoirí Comhairleacha mar na marcanna deiridh. Baineann scrúdaitheoirí úsáid as peann dearg nuair atá siad ag marcáil, agus baineann Scrúdaitheoirí Comhairleacha úsáid as peann glas nuair atá monatóireacht á déanamh acu (ach amháin más rud é gur bhain tú úsáid fhorleathan as peann dearg nó peann glas i do chuid oibre). Féach an Nóta Eolais freisin d'iarrthóirí atá ag breathnú ar scrípteanna marcáilte ar leathanach 21.

## ***Conas is féidir liom iarratas a dhéanamh ar chóip a fháil de mo script faoin Acht um Chosaint Sonraí?***

Más mian leat iarratas a dhéanamh ar chóip a fháil de do script, nó ar aon sonraí pearsanta fút a fháil atá á gcoimeád ag an CSS, is féidir leat iarratas a dhéanamh i scríbhinn chuig:

Iarratas ar Rochtain um Chosaint Sonraí  
Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
Corr na Madadh  
Baile Átha Luain  
Co. na hIarmhí.  
**N37TP65**

Ba chóir go mbeadh dóthain eolais curtha ar fáil dúinn i d'iarratas ina mbeimid in ann tú a aithint mar iarrthóir scrúduithe; ina mbeimid in a dheimhniú cén chóip atá á lorg agat; agus ina mbeimid in ann teagmháil a dhéanamh leat sa chás go gcaithfimid d'aitheantas a dhearbhu nó d'iarratas a shoiléiriú.

Agus a leithéid iarratas á dhéanamh cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil srianta ann maidir le do cheart ar rochtain a dhéanamh agus **nach bhfaighidh tú cóip de do script ná aon ábhair scrúdaithe eile roimh dháta deiridh na n-achomharc**. An t-aon bhealach le rochtain a dhéanamh ar do scrípteanna scríofa, dialanna nó freagraí scríofa eile, roimh dháta deiridh na n-achomharc, ná freastal ar sheisiún chun breathnú ar na scrípteanna.

Foilseofar sonraí maidir le haon athruithe ar na socruithe le hiarratas ar rochtain sonraí a dhéanamh ar ár suíomh gréasáin.

Úinéireacht ar Scrípteanna na Scrúduithe agus Obair Eile agus iad á gCoinneáil

## **Úinéireacht ar Scrípteanna na Scrúduithe agus Obair Eile agus iad á gCoinneáil a chuirtear isteach le Marcáil a dhéanamh orthu**

### ***An féidir liom an bhunobair a chuir mé isteach le haghaidh na scrúduithe a fháil ar ais?***

Mar thoradh ar an gcosaint sonraí tá athruithe ann a thugann tuilleadh cearta maidir le cóipeanna de shonraí pearsanta a fháil ón CSS. Coimeádann an CSS an t-ábhar seo faoina sheilbh i gcónaí. Is faoi úinéireacht an CSS atá na scrípteanna scrúduithe uile agus ábhair eile atá faoi sheilbh an CSS agus ní chuirtear iad ar ais chuig na hiarrthóirí. I Riail 28 de na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna, arna eisiúint ag an Roinn Oideachais & Scileanna déantar foráil: *“Go gcoimeádann an Coimisiún gach ábhar (freagarleabhair, páipéar líníochta, léarscáileanna, léaráidí, pictiúir, scrúdpháipéir, téipeanna, etc.) a eisíonn an Coimisiún chun freagraí na n-iarrthóirí ar na ceisteanna a chuirtear sna scrúduithe a thairfeadh, agus fanann siad faoi sheilbh an Choimisiúin i gcónaí. Ábhair nach n-eisíonn an Coimisiún ach a sheoltar chuig an gCoimisiún le go marcáiltear iad, gabhann an Coimisiún seilbh orthu”*. Marcálann CSS beagnach milliún comhpháirt san Ardteistiméireacht gach bliain agus níorbh fhéidir an t-ábhar sin a chur ar ais chuig na hiarrthóirí.

Marcáiltear obair thionscadail san Innealtóireacht agus sa Staidéar Foirgníochta agus an obair phraiticiúil uile san Ealaín i scoileanna agus tugtar treoir do na scoileanna an obair seo a choinneáil go sábháilte go dtí go n-eisítear torthaí na n-achomharc i lár mhí Dheireadh Fómhair. An chúis nach mór iad a choinneáil go dtí i ndiaidh fhoilsiú thorthaí na nAchomharc ná go dtagann fadhbanna aníos uaireanta nuair a dhéantar an mharcáil sna hachomhairc agus mar thoradh air sin is gá athbhreithniú a dhéanamh ar an obair uile a mharcáil scrúdaitheoir ar leith. Dá bhrí sin, ní mór go mbeadh rochtain ag an CSS ar an ábhar seo ag an bpointe seo, agus muintín a bheith aige nár cuireadh isteach air idir an dá linn. Uaireanta, mar thoradh ar na hathbhreithnithe um dhearbhu cáilíochta bíonn uasghrádú ann d'iarrthóirí nach ndearna achomharc ar a

gcuid torthaí ar chor ar bith. Nuair a eisítear torthaí na n-achomharc, is féidir an obair seo a chur ar ais chuig na hiarrthóirí ach í a iarraidh.

### ***Cé chomh fada agus a choinníonn an CSS mo scrúduithe agus ábhar eile?***

Tá polasaithe an CSS maidir le sonraí a choinneáil bunaithe ar na hoibleagáidí atá orainn faoin Acht um Chosaint Sonraí, ina bhfuil dualgas orainn sonraí a choimeád chomh fada agus a éilítear é chun críche na scrúduithe a reáchtáil. Is é seo a leanas polasaí an CSS maidir le scrípteanna scrúduithe agus ábhar scrúduithe gaolmhar a choinneáil:

- Gheofar réidh d’aon ábhar nach mar chuid d’ábhar an achomhairc é go rúnda ag deireadh mhí na Nollag i ndiaidh an scrúdaithe. Dá réir sin, ach amháin má dhéanann tú achomharc, gheofar réidh le do scrípteanna scrúduithe agus ábhair eile faoi dheireadh mhí na Nollag 2018.
- Má dhéanann tú do thoradh scrúdaithe a achomharc, coinneoidimid d’ábhar scrúdaithe go dtí go bhfuil an próiseas achomhairc curtha i gcrích. Go hiondúil, ciallaíonn sé seo go bhfaighfear réidh leis an ábhar scrúdaithe a ndearna tú achomharc faoi sa tréimhse chun fáil réidh leis an bhliain dar gcionn, is é sin, faoi dheireadh mhí na Nollag 2019. D’fhéadfadh sé seo a bheith níos faide má bhíonn an t-achomharc mar ábhar de phróiseas atá ag leanúint ar aghaidh.

## **An Áis chun Breathnú ar Scrípteanna**

### ***An bhfuil aon srianta ann a bhaineann le Breathnú ar Scrípteanna?***

- Má dhéanann tú cinneadh breathnú ar do scrípteanna ní mór duit bheith ar fáil ar na dátaí le Breathnú ar Scrípteanna agus ní mór duit bheith ullamh le freastal tú féin ar an ionad breathnóireachta. B’fhéidir gur mhaith leat nóta a ghlacadh den riachtanas seo agus socrúithe le haghaidh laethanta saoire á ndéanamh agat.
- Ní scaoilfear do scrípteanna chuig duine ar bith eile, fiú amháin le do chead. Is féidir le duine amháin eile bheith in éineacht leat nuair atá tú ag breathnú ar script.
- Ní bheidh ach ábhar a cuireadh isteach i scríbhinn; scrípteanna scríofa, dialanna obair chúrsa, etc. ar fáil agus tú ag Breathnú ar Scrípteanna.
- Ní cheadmhach aon uirlisí scríbhneoireachta san ionad breathnóireachta.
- Tá cead agat fón póca, táibléad nó ceamara digiteach le do script(eanna) féin a chóipeáil.
- Níl cead agat cóipeanna a dhéanamh de scrípteanna duine ar bith eile, fiú amháin lena c(h)ead.
- Níl cead agat gléas digiteach a úsáid le haghaidh rud ar bith eile seachas an script a chóipeáil
- Ar chúiseanna lena chinntiú go ndéantar na seisiúin chun Breathnú ar Scrípteanna a reáchtáil go héifeachtach agus in am, ní féidir leat nótaí a ghlacadh maidir le hábhar do scrípte ag baint úsáide as do ghléas digiteach agus tú san ionad breathnóireachta.
- Ar chúiseanna slándála, déantar macasamhail de shampla de scrípteanna sula ndéantar na bunscrípteanna a sheoladh chun breathnú orthu. Coimeádann an CSS na cóipeanna agus déanfar iad a sheiceáil i gcoinne na scrípteanna a chuirfear ar ais tar éis breathnú orthu. Tá an cleachtas seo riachtach chun ardchaighdeán na scrúduithe a chosaint. Is sárú ar rialacháin na scrúduithe é má bhaintear do na scrípteanna nó má dhéantar iarracht baint dóibh san ionad breathnóireachta
- Tá Nóta Eolais d’iarrthóirí ag breathnú ar scrípteanna marcáilte ar leathanach 21 den leabhrán seo.

### ***Conas a dhéanaim iarratas chun breathnú ar scrípteanna?***

Nuair a fhaigheann tú do chuid torthaí beidh foirm iarratais phearsantaithe freisin ag do scoil atá curtha ar fáil ag an CSS ina léireofar do shonraí scrúdaithe, d’ábhair san áireamh. Má dhéanann tú cinneadh gur

mhaith leat breathnú ar script ar leith ní mór duit an fhoirm seo a chomhlánú. Ní mór duit an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais ansin chuig an scoil ina ndearna tú do scrúdú faoi **Dé Máirt, an 21 Lúnasa 2018**.

### ***Cad a tharlaíonn ina dhiaidh sin?***

Tá Feitheoir Eagrúcháin ceaptha ag an CSS le haghaidh do scoile. An ról atá aige/ aici ná seirbhís chun Breathnú ar Scripteanna a eagrú sa scoil. Eagróidh sé/ sí am duit le freastal ar cheann amháin de na seisiúin chun breathnú ar scripteanna. Is iad seo a leanas na seisiúin chun breathnú ar scripteanna:

<b>Seisiún 1</b>	<b>Dé hAoine an 31 Lúnasa 2018 ó 6.00pm. go dtí 9.00pm</b>
<b>Seisiún 2</b>	<b>Dé Sathairn an 1 Meán Fómhair 2018 ó 9.00am. go dtí 12 meán lae</b>
<b>Seisiún 3</b>	<b>Dé Sathairn an 1 Meán Fómhair 2018 ó 2.00pm. go dtí 5.00pm</b>

Glac nóta de na dátaí seo mar ní féidir socrú a dhéanamh le breathnú ar scripteanna ar dháta ar bith eile. Gheobhaidh tú cárta poist ón bhFeitheoir Eagrúcháin a eagróidh am duit freastal a cheann amháin de na seisiúin seo roimh an tréimhse chun breathnú ar scripteanna. Mura bhfaigheann tú coinne chun breathnú ar do scripteanna, ba chóir duit teagmháil a dhéanamh leis an bhFeitheoir Scrúdúcháin sa scoil ina ndearna tú do scrúduithe scríofa.

### ***Cad is féidir liom a dhéanamh, má cheapaim, tar éis breathnú ar mo script, go raibh earráid sa mharcáil nó sa ghrád a tugadh dom?***

Braitheann sé. An dá rogha atá ann ná:

- go ndéanfaí do script a mharcáil trí phróiseas na n-achomharc – féach an chuid maidir le *Próiseas na nAchomharc* den leabhrán seo
- ceartú a lorg lasmuigh de phróiseas na n-achomharc – féach an chuid maidir le *Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc* den leabhrán seo.

Tugtar míniú de mhionsonraí na roghanna seo sna codanna ábhartha.

## **Achomharc a Dhéanamh**

### ***Conas a dhéanaim iarratas le hachomharc a dhéanamh ar mo thoradh?***

Chun iarratas ar achomharc a dhéanamh, ba chóir duit úsáid a bhaint as an Seirbhís Iarratais ar Achomhairc ar líne ar [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) a bheidh ar fáil ó mheán lae ar an **20 Lúnasa 2018**. Is féidir leat rochtain a dhéanamh ar an seirbhís seo ach úsáid a bhaint as do Scrúduimhir agus PIN. Cuirfear sonraí na n-ábhar agus leibhéal na scrúduithe a rinne tú sna scrúduithe ar fáil duit agus roghnaíonn tú an t-ábhar ar mian leat a achomharc. Nuair a éiríonn leat an táille a dhéanamh, cuirfear foirm um Dheimhniú Achomhairc faoi do bhráid. Le bheith in ann achomharc bailí a dhéanamh, ní mór duit an fhoirm um Dheimhniú Achomhairc a phriontáil, ina leagtar amach sonraí na n-ábhar/leibhéal a ndearna tú a achomharc agus ina ndeimhnítear gur íoc tú astu, agus í a chur faoi bhráid an Fheitheora Eagrúcháin i do scoil tráth nach déanaí ná an 3 Meán Fómhair 2018. Ansin, déanfar ceangal idir d'iarrata(i)s le do script(eanna). Ní mór go ndéanfaí gach iarratas ar achomhairc a dhéanamh chuig an CSS faoi Dé Céadaoin, an 5 Meán Fómhair.

le gíoró bainc ag baint úsáide as foirm an ghíoró bainc a ghabhann le d'fhoirm iarratais phearsanaithe. Tá uimhir thagartha ar leith ar d'fhoirm iarratais phearsanaithe, agus ar fhoirm an ghíoró bainc a ghabhann léi, a chuirfidh ar chumas CSS d'íocaíocht a rianú agus a mheaitseáil le d'iarratas ar achomharc nuair a fhaightear ó do scoil é. Ba chóir duit an fhoirm a thabhairt go dtí banc agus an táille a íoc le saoráid an ghíoró bainc. Ba chóir an fhoirm a chur ar ais ansin chuig an scoil agus í stampáilte go cuí ag an mbanc ionas gur féidir do scripteanna a nascadh léi agus iad a chur

ar aghaidh chuig CSS.

Mura mbíonn rochtain agat, ar chúis éigin, ar an seirbhís iarratais ar líne is féidir leat iarratas a dhéanamh ar Fhoirm Gíoró Achomharc ar leith atá priontáilte roimh ré ón Rannóg Iontrálacha san CSS ar **090-6442702/2705/2706**. Sa chás go bhfuil tú ag breathnú ar do scrípteanna sula ndéanann tú cinneadh achomharc a dhéanamh, agus tá a fhios agat nach mbeidh tú in ann an tseirbhís iarratais ar achomharc ar líne a úsáid, níor chóir duit fanacht le teagmháil a dhéanamh leis an CSS le hiarratas a dhéanamh ar fhoirm gíoró. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar fhoirm ón 20 Lúnasa 2018 ar aghaidh, an dáta céanna a osclaíonn an tseirbhís ar líne. Má fhanann tú le hiarratas a dhéanamh ar an bhfoirm seo i ndiaidh Breathnú ar na Scrípteanna ní dócha go mbeidh tú in ann dáta deiridh na n-achomharc a bhaint amach. Chun achomharc bailí a dhéanamh ní mór duit an Fhoirm Gíoró Achomharc chomhlánaithe a thabhairt isteach go dtí banc agus an íocaíocht chuí a dhéanamh. Cuirfidh an banc stampa ar an gcuid ar bharr na foirme leis an íocaíocht a dheimhniú. Ní mór duit an fhoirm a bhfuil stampa uirthi, a leagann amach na sonraí de na hábhair/leibhéil a rinne tú a achomharc, a thabhairt don Fheitheoir Eagrúcháin i scoil tráth nach déanaí ná Dé Luain, an 3 Meán Fómhair 2018. Ansin déanfaidh siad d'iarrata(i)s ar achomharc a cheangal le do script(eanna). Ní mór go mbeadh gach iarratas ar achomharc a bheith ag an CSS faoi Dé Céadaoin an 5 Meán Fómhair. Ní ghlacfar le haon iarratas a bhíonn déanach.

**Molann an CSS go mór úsáid a bhaint as an seirbhís ar líne ar mhaith le héascaíocht agus luas. Ní chuirfear Gíorónna Bainc Achomharc ar fáil ach amháin dóibh siúd nach bhfuil rochtain acu ar an seirbhís ar líne agus ní mór am a thabhairt le go n-eiseoidh an CSS an fhoirm chugat tríd an gcóras poist agus le go gcuirfidh an Feitheoir Eagrúcháin í ar ais chuig an CSS.**

### ***An gá dom breathnú ar mo scrípteanna más mian liom achomharc a dhéanamh?***

Ní gá. Molann an Coimisiún d'aon iarrthóir ar mian leis/léi achomharc a dhéanamh, áfach, breathnú ar a script(eanna) chun gur féidir cinneadh bunaithe ar eolas a dhéanamh. Má bhreathnaíonn tú ar do script beidh deis agat a fheiceáil cén chaoi ar cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm ar do chuid oibre.

### ***An mbeidh mé in ann saincheisteanna ar leith a ardú le go ndéanfaidh an scrúdaitheoir achomhairc iad a chur san áireamh le linn na tréimhse marcála achomhairc?***

Beidh má roghnaíonn tú breathnú ar do script. Ní bheidh cead an deis le saincheisteanna ar leith a ardú leis na scrúdaitheoirí achomhairc ach amháin ag iarrthóirí a thagann chun breathnú ar a script. Ag an seisiún chun Breathnú ar Scrípteanna tugtar foirm *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* (Foirm AP1) inar féidir taifeadadh a dhéanamh ar ábhar ar bith ar mhaith leo aird na scrúdaitheoirí CSS a tharraingt orthu. Ba chóir foirm amháin a chomhlánú do gach script scrúdaithe atá mar ábhar an achomhairc. Níl cead an fhoirm a chomhlánú taobh istigh den ionad breathnóireachta. Ní ceadmhach aon uirlisí scríbhneoireachta a thabhairt isteach go dtí an t-ionad Breathnóireachta agus ní ceadmhach an fón póca/táibléad a úsáid ach amháin le cóipeanna a dhéanamh de na scrípteanna. Ní féidir leat úsáid a bhaint as an bhfón póca/táibléad le nótaí a chlósáil maidir le hábhar scrípte agus tú san ionad breathnóireachta. Ní mór an fhoirm/na foirmeacha *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* atá comhlánaithe a thabhairt don Fheitheoir Eagrúcháin ionas gur féidir leo an fhoirm a cheangal leis an script chuí. Ní mór do na Feitheoirí Eagrúcháin an fhoirm chomhlánaithe a chur ar ais go dtí an CSS, ag an am a dhéantar an t-achomharc. Ní ghlacfaidh an CSS le foirmeacha *Tuairisc Breathnóireachta an Iarrthóra* díreach ó na hiarrthóirí.

Agus achomharc á dhéanamh, ní gá an fhoirm seo a chomhlánú. Is rud é atá go hiomlán rognach.

### ***Cén táille atá ar achomharc?***

Is é €40.00 an táille ar achomharc in aghaidh an ábhair i gcás na hArdteistiméireachta agus is é €15.50 an táille i gcás na hArdteistiméireachta Feidhmí. Is gá táill na n-achomharc a íoc roimh ré. Déanfar an táille a aisíoc leat má dhéantar do thoradh a uasghrádú. Déanfar an t-aisíoc trí do scoil más í an scoil a rinne tú a iontráil.

### ***Cad é an dáta deiridh le haghaidh achomhairc?***

Caithfidh na hiarratais ar achomharc a bheith ag an CSS faoi Dé Céadaoin, 5 Meán Fómhair 2018. Is tréimhse sách



gearr é sin ach is mar sin a chaithfidh sé a bheith má tá an CSS le toradh phróiseas na n-achomharc a chur ar fáil faoi lár mhí Dheireadh Fómhair. Ciallaíonn sé sin go gcaithfidh na scoileanna na hiarratais a sheoladh sa phost Dé Máirt, 4 Meán Fómhair. Má roghnaíonn tú breathnú ar do scrípteanna sula gcinneann tú ar deireadh cé acu an ndéanfaidh tú achomharc nó nach ndéanfaidh, caithfidh tú socrú a dhéanamh an táille a íoc agus **an fhoirm a chur ar ais chuig an scoil tráth nach déanaí ná Dé Luain, 3 Meán Fómhair 2018.**

**Má chinneann tú ar achomharc a dhéanamh, is léir go bhfuil tábhacht leis an achomharc sin duit. Is agatsa amháin atá smacht ar na chéad chéimeanna tábhachtacha in achomharc bailí a dhéanamh, agus is tusa amháin atá freagrach astu.**

## Próiseas na nAchomharc

### ***Cad a tharlaíonn le linn Phróiseas na nAchomharc?***

Seoltar do script chuig scrúdaitheoir achomhairc. Ní hé an scrúdaitheoir a mharcáil do chuid oibre i dtosach a dhéanfaidh í a mharcáil an t-am seo. Déanfaidh an scrúdaitheoir achomhairc athbhreithniú ar an marcáil ar gach cuid de gach ceist, fiú mura bhfuil aon barúlacha tugtha agat fúithi. Cuirfidh an scrúdaitheoir achomhairc san áireamh an bhfuil an marc a bhronn an scrúdaitheoir a bhí ann ar dtús ceart agus réasúnta i gcomhréir leis an scéim mharcála. Más rud é go bhfuil, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc céanna arís. Más rud é nach bhfuil, bronnfaidh an scrúdaitheoir achomhairc an marc a mheasann sé/sí atá mar an marc ceart.

Déanann an Príomhscrúdaitheoir agus foireann shinsearach monatóireacht ar chaighdeán obair na scrúdaitheoirí achomhairc.

### ***An mbíonn an scéim mharcála chéanna in úsáid le linn na n-achomharc?***

Bíonn. Is den rithábacht é ar mhaithe le comhionannas agus cothroime go ndéanfar an athmharcáil san achomharc de réir na scéime marcála don ábhar sin. Cinntíonn sé sin go gcuirfidh na scrúdaitheoirí achomhairc na caighdeáin chéanna i bhfeidhm san athmharcáil san achomharc agus a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile an chéad uair a marcáladh an scrúdú. Beidh cóipeanna de na scéimeanna marcála ag an bhFeitheoir Eagrúcháin ag an seisiún chun breathnú ar scrípteanna agus foilseofar iad ar **www.examinations.ie** freisin.

### ***Má tá mé díreach cúpla marc gann ar an gcéad ghrád eile an dócha go mbronnfar orm iad ar achomharc?***

Níor ghá go mbronnfaí. Tá próiseas na n-achomharc ann lena chinntiú gur cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm go leanúnach agus go cothrom ar do chuid oibre. Ní bhíonn scrúdaitheoirí achomhairc ag cuardach marcanna breise chun “iarrthóir a thabhairt suas go dtí an chéad ghrád eile”. Le bheith cóir leis na hiarrthóirí eile ar fad a rinne an scrúdú, ní féidir leis na scrúdaitheoirí ach na marcanna sin atá dlite duit de réir na scéime marcála a bhronnadh. Go deimhin, d’fhéadfadh scrúdaitheoir achomhairc marcanna a chur leis na marcanna a fuair tú cheana nó marcanna a bhaint díobh de réir mar a chuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm as an nua, ceist ar cheist, ar do chuid oibre.

### ***An féidir toradh a íosghrádú ar achomharc?***

Is féidir. Is torthaí sealadacha iad na torthaí a fhoilsítear i mí Lúnasa agus dá réir sin is féidir toradh a íosghrádú i gcásanna áirithe. Tarlaíonn sé sin mar gheall ar phróiseas na n-achomharc a bheith ann lena chinntiú gur cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm go hiomlán agus go cuí ar an obair a rinneadh sa scrúdú. Cinntíonn feidhmiú seasta cothrom na scéimeanna marcála go gcaitear go cothrom leis na hiarrthóirí ar fad.

### ***Cad iad na cásanna ina dtarlódh íosghrádú?***

D’fhéadfadh sé go dtarlódh íosghrádú sa ghnáthchúrsa má chailleann iarrthóir dóthain marcanna ar aon cheann de na cúiseanna fórasacha/teicniúla seo a leanas:

- earráid shoiléir a bheith i suimiú na marcanna, marcanna a bheith san áireamh nár cheart a bheith, e.g. má tugadh creidiúint d’iarrthóir as ceist nó as cuid de cheist ba chóir a dhícheadú; agus/nó,
- má bronnadh marcanna ar iarrthóir as freagra ar léir go cinnte nach bhfuil sé de réir na scéime marcála.

Sa bhreis air sin, is féidir le Príomhscrúdaitheoir íosghrádú a mholadh sa chás go dtarlaíonn laghdú sna marcanna as earráid bhreithiúnais a rinne scrúdaitheoir (ní hionann agus na pointí atá luaite ag (a) agus (b) thuas). Ní gnách go dtarlóidh íosghrádú i gcás den sórt sin nuair nach mbeadh ann ach difríocht an-bheag. I bhfocail eile, ní áirítear marc athbhreithnithe níos ísle ach amháin má mheasann an Príomhscrúdaitheoir nach raibh an bunmharc ag teacht leis na critéir atá leagtha síos sa scéim mharcála agus leis an gcaighdeán a cuireadh i bhfeidhm sa mharcáil a rinneadh ar dtús.

### **An dócha go ndéanfar íosghrádú go minic?**

Táthar ag súil leis gur líon réasúnta beag grád a ísleofar. Beidh deis agat breathnú ar do chuid scrípteanna agus táthar ag súil leis nach ndéanfaidh daoine achomharc mura greideann siad go bhfuil cúis réasúnta leis. Tá sé tábhachtach, dá bhrí sin, breathnú go cúramach ar do script mharcáilte sula ndéanann tú cinneadh ar cé acu an ndéanfaidh tú achomharc nó nach ndéanfaidh.

### **Cathain a gheobhaidh mé torthaí na n-achomharc?**

Eisítear torthaí na n-achomharc san Ardteistiméireacht i lár mhí Dheireadh Fómhair gach bliain. Bíonn scrípteanna na scrúduithe le tabhairt ar ais ó na scoileanna, le seoladh go dtí scrúdaitheoirí, le hathbhreithniú a dhéanamh orthu go hiomlán, agus bíonn an mhonatóireacht chúí agus an deimhniú cuí cáilíochta curtha i bhfeidhm, agus seoltar iad ar ais chuig an CSS leis na torthaí a phróiseáil.

Níl smacht ag an CSS ar an nasc idir córas na scrúduithe agus an iontráil san oideachas tríú leibhéal. Is ar bhonn na dtorthaí sealadacha a eisítear i mí Lúnasa a dhéantar áiteanna sa chóras tríú leibhéal a thairiscint. Tá cúiseanna maithe leis sin. Dá bhfanfaí go mbeadh próiseas na n-achomharc críochnaithe sula ndéanfaí áiteanna a thairiscint, bheadh drochthionchar aige sin ar thús na bliana acadúla agus bheadh sé ina mhíbhuntáiste dá réir ag formhór na mac léinn arb iad a gcuid torthaí sealadacha na torthaí deiridh atá acu.

Déanann an CSS na ndícheall torthaí na n-achomharc a phróiseáil chomh gasta agus is féidir ionas go n-éascófar próiseas na hiontrála sna coláistí tríú leibhéal, ag cur san áireamh go mbíonn dóthain ama ag teastáil ó na scrúdaitheoirí achomhairc le hobair na n-iarrthóirí a athmharcáil go críochnúil. Cuireann an CSS gach athrú ar na torthaí in iúl don Lár-Oifig Iontrála.

Tabhair do d'aire nach bhfuil cinnteacht ar bith ann go bhfaighidh tú áit ar do rogha cúrsa sa bhliain reatha sa chás go ndéantar do ghrád a uasghrádú san achomharc. Tá sin amhlaidh mar nach bhfuil spriocdhátaí na Lár-Oifige Iontrála ná próisis na n-iarratas ag coláistí eile faoi smacht an CSS.

## **Ceartú a Lorg Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc**

***Lasmuigh de phróiseas foirmiúil na n-achomharc, cad is féidir liom a dhéanamh, tar éis breathnú ar mo script, má fheictear dom go bhfuil neamhréiteach soiléir idir na marcanna a bronnadh agus an grád a bronnadh?***

Sa chás go dtugann tú faoi deara go bhfuil neamhréiteach soiléir substaintiúil idir an marc a bronnadh agus an grád a bronnadh, ba chóir duit *Foirm Ceartú Lasmuigh de Phróiseas na nAchomharc* (Foirm ROAP1) a iarraidh ar an bhFeitheoir Eagrúcháin agus í a líonadh de réir na dtreoracha. Ceanglóidh an Feitheoir Eagrúcháin Foirm ROAP1 chomhlánaithe de do script agus seolfar chuig an CSS í, áit a bpléifear láithreach léi.

Cuireann an CSS an áis seo ar fáil d'iarrthóirí le ceartú a lorg lasmuigh de phróiseas na n-achomharc chun críche lena chur ina cheart:

- (a) má rinneadh earráid nuair a bhí an marc iomlán a bronnadh á tras-scríobh ón bhfreagarleabhar go dtí an bhileog mharcála, nó
- (b) má rinneadh earráid nuair a bhí an marc á aistriú ón mbileog mharcála go dtí bunachar sonraí na scrúduithe.

Tabhair do d'aire nach mbíonn an áis seo ar fáil ach amháin nuair is léir nach bhfuil an marc iomlán a bronnadh ag teacht leis an ngrád a bronnadh agus nuair is léir gur féidir leis an bhfoireann riaracháin an cheist a réiteach ar bhonn riaracháin (i.e. gan dul i muinín an scrúdpháipéir ná na scéime marcála).

Mar sin, tá teorainn dhocht leis na nithe ar féidir déileáil láithreach leo tar éis breathnú ar na scrípteanna. Aon cheist maidir le:

- Ceisteanna dícheadaithe
- Ríomh marcanna
- Cur i bhfeidhm na scéime marcála
- Éilimh nach bhfuil an obair marcáilte go hiomlán

Is trí phróiseas foirmiúil na n-achomharc amháin is féidir iad a réiteach nuair a chuirfidh scrúdaitheoir achomhairc an scéim mharcála i bhfeidhm athuair.

**Tábhachtach:** Má roghnaíonn tú leas a bhaint as an áis riaracháin seo, níor mhiste cuimhneamh air go bhfuil tréimhse ghairid i gceist agus gur dócha nach mbeidh an toradh ar d'éileamh ar eolas agat sula mbeidh spriocdháta na n-achomharc thart. Ba chríonna an mhaise duit, dá bhrí sin, achomharc foirmiúil a dhéanamh ionas, mura nglactar leis an bpointe riaracháin a tharraingíonn tú anuas nó má bhíonn gá le forléiriú ag Scrúdaitheoir, nach gcaillfidh tú an deis ar phróiseas na n-achomharc mar gheall ar spriocdháta na n-achomharc a bheith thart. Má ghlactar leis an bpointe a tharraingíonn tú anuas beidh deis agat an t-iaratas ar achomharc a tharraingt siar agus aisíocfar táille an achomhairc leat ina dhiaidh sin.

## Iarratais ar na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha

### ***Má táim míshásta le toradh phróiseas na n-achomharc an féidir liom aon rud eile a dhéanamh faoi?***

Is féidir. Is féidir leat iarratas a dhéanamh ar bhreathnú ar script do scrúdaithe tar éis an achomhairc agus/nó achomharc a dhéanamh leis na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha.

### ***Conas is féidir liom breathnú ar mo script tar éis toradh m'achomhairc a fháil?***

Is féidir leat breathnú ar do script tar éis an achomhairc in oifigí an CSS i mBaile Átha Luain ar an **20 Deireadh Fómhair 2018**. Má chreideann tú i gcónaí tar éis sin nár tugadh aird ar nóta a rinne tú ar an bhfoirm AP1, is féidir an scéal a chur faoi bhráid na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha. Is é an dáta deiridh leis an bhfoirm a chur ar aghaidh chuig na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha an **22 Deireadh Fómhair 2018**.

### ***Cén fheidhm atá ag na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha?***

Is é feidhm na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha a chinntiú gur comhlíonadh i gceart na próisis uile atá leagtha síos ag an CSS. Tá na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha neamhspleách ar an CSS. Beidh sé de chumhacht ag Scrúdanóir na cáipéisí go léir a bhaineann leis an achomharc a iarraidh chun féachaint ar leanadh na nósanna imeachta i gceart. **Ní cúram dóibh na scrípteanna a athmharcáil ná tuairim a nochtadh faoi dháileadh na marcanna.** Is féidir leo, áfach, comhairle a lorg ó Phríomhscrúdaitheoir maidir leis an ábhar sin le linn dóibh an t-athbhreithniú a dhéanamh lena dheimhniú go bhfuil siad sásta gur comhlíonadh na nósanna imeachta go léir i gceart. Ar chríochnú an athbhreithnithe, gheobhaidh tú deimhniú foirmiúil ó Scrúdanóir Achomhairc Neamhspleách gur comhlíonadh próisis uile an achomhairc i gceart.

***An gá dom breathnú ar mo scrípteanna tar éis na n-achomharc le hachomharc a dhéanamh leis na Scrúdanóirí Achomhairc Neamhspleácha? Ní gá.***

# An tOmbudsman

Is féidir le hOifig an Ombudsman, nó an tOmbudsman do Leanáí má tá na hiarrthóirí faoi 18 mbliana d'aois, athbhreithniú a dhéanamh ar gach cinneadh de chuid an CSS i dtaca le hachomhairc thorthaí na scrúduithe.

## Córas Grádaithe na hArdteistiméireachta

Cuireadh córas nua grádaithe i bhfeidhm i ngach ábhar san Ardteistiméireacht ón mbliain 2017 ar aghaidh. Leis an gcóras nua grádaithe seo tháinig laghdú ar líon na ngrád ó 14 ghrád faoin seanchóras go dtí 8 gcinn faoi na socruithe athbhreithnithe.

**Chun críche eolais amháin, tugtar míniú sa tábla seo a leanas ar an gcóras grádaithe athbhreithnithe le hais an chórais ghrádaithe a bhíodh ann roimhe seo.**

Leibhéal	Go dtí 2016		Ó 2017 ar aghaidh	
	Céatadán	Grád	Céatadán	Grád
Ardleibhéal, Gnáthleibhéal, Bonnleibhéal	≥ 90 go 100	A1	≥ 90 go 100	1
	≥ 85 agus < 90	A2	≥ 80 agus < 90	2
	≥ 80 agus < 85	B1	≥ 70 agus < 80	3
	≥ 75 agus < 80	B2	≥ 60 agus < 70	4
	≥ 70 agus < 75	B3	≥ 50 agus < 60	5
	≥ 65 agus < 70	C1	≥ 40 agus < 50	6
	≥ 60 agus < 65	C2	≥ 30 agus < 40	7
	≥ 55 agus < 60	C3	≥ 0 agus < 30	8
	≥ 50 agus < 55	D1		
	≥ 45 agus < 50	D2		
	≥ 40 agus < 45	D3*		
	≥ 25 agus < 40	E		
	≥ 10 agus < 25	F		
	≥ 0 agus < 10	NG^		

Sna Ráitis agus sna Teastais léireofar an leibhéal a rinneadh ag baint úsáide as an nodaireacht seo a leanas in aice le gach ábhar.

Higher/Ardleibhéal	H/A
Ordinary/Gnáthleibhéal	O/G
Foundation/Bonnleibhéal	F/B

Bronnfar gach grád de réir an chórais ghrádaithe a foilsíodh agus ní bheifear in ann aon lamháltais a chur i bhfeidhm. Tabhair do d'aire go mbaintear feidhm as céatadáin chun tuiscint ar an gcóras grádaithe a éascú. Le linn na scrúduithe a mharcáil agus sna próisis ina dhiaidh sin, déantar na gráid a ghiniúint de réir na marcanna agus ní de réir na gcéatadán. Dá bhrí sin, mar shampla, ainneoin gurb ionann marc 539 as 600 agus 89.83% nuair a scríobhtar mar

chéatadán é, déantar an grádú a bhronnadh ar bhonn na marcanna agus Grád 2 a bhronntar sa chás sin. Ní ceadmhach aon slánú suas go dtí an grád is airde a dhéanamh.

## Sliocht as na Rialacha agus an Clár do Mheánscoileanna

2004/05, mar a leasaíodh.

### **ROINN XI. – IOMPAR IARRTHÓIRÍ LE LINN SCRÚDUITHE**

56. Tá a f(h)reagracht féin ar gach iarrthóir na laethanta agus na huaireanta a nótaíl, mar atá siad socraithe ar an amchlár, do na scrúdaithe sna hábhair a bhfuil sé ar intinn ag an iarrthóir é/í féin teacht i láthair dóibh.

Ní mór d'iarrthóirí a bheith sa halla scrúdaithe leathuair an chloig ar a laghad sula dtosaíonn an scrúdú sa chéad ábhar a dtagann siad i láthair dó.

Ní mór dóibh, na laethanta ina dhiaidh sin, a bheith i láthair cúig nóiméad déag ar a laghad roimh an am atá luaite ar an amchlár. Beidh sé de fhreagracht ar na hiarrthóirí a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun a dheimhniú go mbeidh siad i láthair in am trátha sa halla scrúdaithe.

Ní mór d'iarrthóirí seachtracha rolla tinrimh (Foirm E10A) a shíniú ag tús gach scrúdaithe. Ní mór don síniú ar an rolla seo a bheith ag teacht ina chruth agus ina fhormaid leis an síniú ar chárta aitheantais an iarrthóra.

Ní thabharfar cead isteach d'iarrthóir ar bith sa scrúdú i bpáipéar ar bith tar éis tríocha nóiméad den am atá ceadaithe don pháipéar sin a bheith caite.

57. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir ar bith an halla scrúdaithe a fhágáil go dtí go mbeidh tríocha nóiméad caite ón am a thosaigh an scrúdú.

58. Ní féidir cead a thabhairt d'iarrthóir an halla a fhágáil agus filleadh ar ais le linn na tréimhse scrúdaithe mura bhfuil an Fheitheoir sásta go bhfuil sé sin riachtanach (e.g. tinneas an iarrthóra, géarghá dul go dtí an leithreas, etc.). Ní thabharfar cead isteach arís sa halla scrúdaithe d'iarrthóir a fhágann an halla ag am ar bith le linn an scrúdaithe mura mbíonn ionadaí ón údarás scoile i bhfeighil an iarrthóra, nó, ina áit sin, mura mbíonn sé/sí i bhfeighil an Fhreastalaí i gcaitheamh an ama ar fad a bhfuil sé/sí as láthair ón halla.

Ní mór don iarrthóir an freagarleabhar agus an ceistpháipéar a thabhairt don Fheitheoir ar fhágáil an halla dó/di; is cóir don Fheitheoir taifead a dhéanamh ar chlúdach an fhreagarleabhair den am fágála agus den am fillte ar an halla agus, chomh maith, den chúis a bheith as láthair; ní féidir an t-am a chailleann an t-iarrthóir a chúiteamh ag deireadh na tréimhse scrúdaithe.

59. Ní mór d'iarrthóir a fhágann an halla scrúdaithe sula mbíonn tréimhse scrúdaithe ar bith caite a scrúdpháipéar agus a f(h)reagarleabhar a thabhairt don Fheitheoir.

60. Ní mór d'iarrthóir fanacht i gcaitheamh an scrúdaithe ar fad san ionad a shonraíonn an Fheitheoir dó/di an chéad uair, mura dtreoraíonn an Fheitheoir a mhalairt dó/di.

61. Is cóir d'iarrthóir a lámh a chur in airde más mian leis/léi aird an Fheitheora a fháil le linn an scrúdaithe. Ar

an iarrthóir féin atá an fhreagracht a dheimhniú go gcuirfidh sé/sí in iúl don Fheitheoir murar tugadh scrúdpháipéar dó/di ar an leibhéal atá beartaithe aige/aici a dhéanamh ag gach scrúdú.

62. Ní scríobhfaidh iarrthóir ar bith a (h)ainm ar fhreagarleabhar ná ar pháipéar ar bith eile a thugtar dó/di. Is cóir uimhir an iarrthóra a chur ar gach clúdach, freagarleabhar, léarscáil, líníocht, nó bileog de pháipéar cearnach a úsáidtear.

Níor chóir d'iarrthóirí tosú ag scríobh go dtí go ndeir an Feitheoir leo é.

63. Ní mór d'iarrthóir na sonraí a éilítear maidir leis an ábhar, etc. a chur isteach ar na clúdaigh agus ar na freagarleabhair a úsáideann sé/sí.
64. Is cóir gach freagarleabhar, gach bileog de pháipéar cearnach breise, etc. a thugtar don iarrthóir, pé acu a úsáideadh iad nó nár úsáideach, a fheistiú dá f(h)reagarleabhar sula gcuirtear séala air leis an scorán a chuirtear ar fáil chuige sin.

Is é/í an Feitheoir a thabharfaidh leabhrán Foirmlí agus Táblaí d'iarrthóirí. Níl aon chead ag iarrthóirí a gcóip féin den leabhrán sin a thabhairt isteach sa halla scrúdaithe. Níl na leabhráin Foirmlí agus Táblaí ceadaithe ach amháin in ábhair áirithe. **Féach Ciorclán S50/12 maidir le Leabhrán Foirmlí agus Táblaí**

65. Ní thabharfaidh iarrthóir na nithe seo isteach sa halla scrúdaithe, ná ní bheidh siad seo a leanas ina s(h)eilbh nó faoina smacht nó ní bheidh teacht aige/aici orthu fad atá sé/sí ina leithéid de sheomra -
- (a) leabhar nó páipéar ar bith (seachas a c(h)árta aitheantais, nuair atá a leithéid riachtanach, an scrúdpháipéar, agus na freagarleabhair, etc. a thabharfaidh an Feitheoir dó/di); nó
  - (b) meamram, nótaí, fón póca, leabhar leictreonach seoltaí, bunachar sonraí ar bith, etc. ach amháin áireamhán nuair a cheadaítear a leithéid de réir na rialachán nó foclóir dátheangach aistriúcháin nuair atá a leithéid ceadaithe.
66. I gcás scrúduithe praiticiúla Ealaíne (i.e. líníocht, ceardaíocht), cheadaítear d'iarrthóirí cibé ábhair a bheidh curtha in iúl ag scoileanna don Choimisiún a thabhairt isteach sa Halla Scrúdaithe
67. Ní dhéanfaidh iarrthóir, fad atá sé/sí sa Halla Scrúdaithe, a leithéid seo a leanas -
- (a) úsáid a bhaint as, nó iarracht ar úsáid a bhaint as, leabhar, meamram, nótaí nó páipéar ar bith (seachas an scrúdpháipéar agus cibé freagarleabhair atá tugtha ag an bhFeitheoir dó/di agus foclóir dátheangach nuair atá úsáid dá leithéid ceadaithe); nó
  - (b) cúnamh a thabhairt, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a thabhairt d'iarrthóir eile; nó
  - (c) cúnamh a fháil, nó iarracht a dhéanamh ar chúnamh a fháil ó iarrthóir eile nó ó Fheitheoir; nó
  - (d) cumarsáid a dhéanamh, nó iarracht ar chumarsáid a dhéanamh, ar bhealach ar bith, le hiarrthóir eile laistigh den ionad nó ar mhodh leictreonach le duine lasmuigh den ionad.

68. Ní dhéanfaidh iarrthóir a leithéid seo a leanas:

- (a) ní scríobhfaidh sé/sí ar an scrúdpháipéar (ach amháin i gcás go bhfuil freagraí le scríobh ar chuid den scrúdpháipéar féin) ná ar chárta aitheantais ná ar an leabhrán Foirmlí agus Táblaí ná ar cheann ar bith de na huirlisí matamaitice a thugann sé/sí leis/léi, ach amháin sa chás go mbaineann iarrthóir feidhm as peann aibhsithe nó as folínte mar chúnamh chun an ceistpháipéar a thuiscint;
- (b) ní scríobhfaidh sé/sí rud ar bith ar a f(h)reagarleabhar nach bhfuil baint dhíreach aige le hábhar na gceisteanna atá le freagairt;
- (c) ní bhainfidh sé/sí duille ar bith ná cuid de dhuille as na freagarleabhair;



- (d) ní thógfaidh sé/sí freagarleabhar ar bith amach as an halla scrúdaithe, pé acu a úsáideadh é nó nár úsáideadh, ná ní dhéanfaidh sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh;
- (e) ní dhéanfaidh sé/sí damáiste don halla scrúdaithe ná don troscán ann.

69. Iarrthóir a bhfuil a c(h)uid oibre críochnaithe aige/aici deich nóiméad ar a laghad roimh an am atá ceaptha do chlabhsúr an scrúdaithe, tá cead aige/aici an halla a fhágáil ach iad seo a leanas a thabhairt don Fheitheoir -
- (a) a fhreagarleabha(i)r agus
- (b) an scrúdpháipéar.
70. Is cóir d'iarrthóir a chríochnaíonn a c(h)uid oibre le linn an deich nóiméad deiridh den scrúdú fanacht ar a c(h)athaoir go dtí go mbeidh a f(h)reagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir agus níor chóir dó/di an halla a fhágáil ina dhiaidh sin go dtí go mbeidh an t-am atá ceadaithe don scrúdú caite mura gceadaíonn an Feitheoir a mhalairt.
71. Nuair a bheidh an scrúdú críochnaithe is cóir do gach iarrthóir séala a chur ar a f(h)reagarleabha(i)r nó ar a c(h)lúdach, mura bhfuil sé sin déanta aige/aici cheana féin, agus fanacht ar a c(h)athaoir ansin go dtí go mbeidh an/na freagarleabha(i)r bailithe ag an bhFeitheoir.
72. Glacfaidh agus cloífidh iarrthóir, i ngach rud a bhaineann leis an scrúdú, le treoracha an Fheitheora.
73. Sna hábhair sin ina bhfuil níos mó ná páipéar amháin, ní mór d'iarrthóir glacadh leis na páipéir ar fad san ábhar ar an leibhéal céanna, e.g. na páipéir ar fad ar an nGnáthleibhéal nó ar an Ardleibhéal. Ní bheidh cead aige/aici, na páipéir a fháil ná a fheiceáil ar níos mó ná leibhéal amháin san ábhar céanna.
74. Ní mór do gach iarrthóir a thagann i láthair don scrúdú sa Staidéar Foirgníochta, sa Ghrafaic Dhearaidh agus Chumarsáide, san Innealtóireacht, sa Teicneolaíocht Ábhar (Adhmad) nó sa Ghrafaic Theicniúil clár líníochta a thabhairt leis/léi, mar aon le T-bhacart, scálaí, dronbhacairt, uillinntomhas, compás, peann luaidhe, cuimleoir, agus fáiscíní líníochta nó téip ghreamaitheach.

Ceadaítear d'iarrthóirí uirlisí líníochta matamaitice a úsáid do na scrúduithe go léir. Ceadaítear stionsail eolaíochta a úsáid sna hábhair Eolaíochta. Ceadaítear sreang a úsáid sa scrúdú Tíreolaíochta mar aon le snáithín, gloine mhéadaithe agus opasaiméadar.

Ach amháin i gcás go sonraítear a mhalairt sa siollabas sonrath agus ar an bpáipéar scrúdaithe sonrath, ceadaítear áireamhán a úsáid sna scrúduithe go léir, faoi réir an mhéid seo a leanas:

- (a) Ní sholáthróidh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ná Coimisiún na Scrúduithe Stáit áireamhán d'iarrthóirí. Ní bheidh freagracht ar ionad scrúduithe i soláthar áireamhán ná batairí.
- (b) Is é an t-iarrthóir a fhéachfaidh chuige go bhfuil an t-áireamhán ag obair i gceart. Ní dhéanfar aon chúiteamh má theipeann ar bhatairí nó ar an áireamhán le linn an scrúdaithe.
- (c) Níor chóir aon ghleo a chloisint ón áireamhán agus níor chóir a bheith ag brath ar phríomhlíonra leictreach.
- (d) Níor chóir áireamhán a fháil ar iasacht ó iarrthóirí eile i gcaitheamh an scrúdaithe.

(e) Ní cheadaítear áireamhain in-ríomhchláraithe. Ciallaíonn “in-ríomhchláraithe” aon áireamhain atá in ann seicheamh eochairbhuillí a stóráil a fhéadfar a aisghabháil tar éis cumhacht an áireamhain a mhúchadh nó nuair a mhúchann an chumhacht uaidh féin. Ní hionann áireamhain a bheith in- ríomhchláraithe agus an cumas a bheith ann áirimh a ríomhadh cheana féin a athghlaoch, a athchóiriú agus a athsheinm, ar an gcoinníoll go nglantar an chuimhne athsheanma seo nuair a mhúchtar cumhacht an áireamhain. Chomh maith leis sin, ní mheastar áireamhain a bheith in- ríomhchláraithe mar gheall ar áis a bheith ann uimhreacha a stóráil in ionad cuimhne amháin nó breis.

(f) Ní cheadaítear aon áireamhain leis na saoráidí matamaitice seo a leanas:

graf-bhreacadh

- réiteach cothromóidí
- ionramháil shiombalach ailgéabrach
- suimeáil uimhriúil
- difreáil uimhriúil
- ríomhaireachtaí maitrise

(g) Ní cheadaítear aon áireamhain leis na saoráidí ginearálta seo:

- bunachair sonraí
- foclóirí
- aistritheoirí teangacha
- aisghabháil téacs
- cumas cianchumarsáide

(h) Ní féidir ach áireamhain do-ríomhchláraithe a úsáid. Ní foláir d’iarrthóirí a chur in iúl ar a leabhair freagraí cén déantús agus cén cineál áireamhá(i)n a úsáideadh sa scrúdú. Féach **Ciorclán S93/05 ar [www.examinations.ie](http://www.examinations.ie) maidir le húsáid Áireamhain sna Scrúduithe Teastais.**

(i) Níl cead ag iarrthóirí lámhleabhar treoracha a thabhairt isteach i halla na scrúduithe. San áireamh anseo, tá treoracha atá clóite ar chlúdach an áireamhain. Ní mór treoracha ar bith atá ar chásáil nach féidir a bhaint den áireamhain a chlúdach go daingean.

(j) Níl cead ag iarrthóirí na háireamhain a chur ar siúl go dtosaíonn an scrúdú.

Ní cheadaíonn an rialail seo d’iarrthóir aon ghairias a bheadh in aon slí eile coiscthe, a thabhairt isteach in ionad na scrúduithe. Go háirithe, ní cheadaítear fón póca, eagraí leictreonach nó gairis eile mar sin i gcúinse ar bith. (Féach rialail 65 thuas).

75. Is féidir iarrthóir a dhíbirt as halla scrúdaithe má bhíonn iompar ar bun aige/aici a chuireann reáchtáil shásúil an scrúdaithe i mbaol. Is féidir an scrúdú i ngach ábhar a dhícheadú má chuirtear isteach ábhar pornagrafaíoch nó ábhar gránna ar bith eile nó má chuirtear airgead/seic ar bith isteach leis an script.
76. I gcás go mbeidh an Coimisiún den tuairim gur sáraíodh na Rialacha seo, is cóir dó an Roinn a chur ar an eolas ina thaobh agus is faoin Aire a bheidh sé cinneadh a dhéanamh maidir leis an bponós a bheidh le gearradh. I gcás go mbeadh an tAire den tuairim gur sháraigh iarrthóir ar bith na Rialacha seo, go ndearna sé/sí iarracht ar thoradh scrúdaithe a fháil nach bhfuil an t-iarrthóir ina theideal, nó gur chuir sé/sí a leithéid de thoradh ar fáil nó go ndearna sé/sí iarracht ar a leithéid a dhéanamh nó gur chuir sé/sí eolas míchruinn ar fáil maidir lena (h)iarrthóireacht, is féidir an scrúdú féin nó marcanna a bhaint d’iarrthóir dá leithéid, nó asbhaint a dhéanamh mar is cuí leis an Aire as suim iníoctha ar bith maidir le deontas nó scoláireacht ar bith a ghnóthaigh an t-iarrthóir, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chion; agus

féadfaidh an tAire, mar is cuí leis an Aire é, ainm agus seoladh an iarrthóra a fhoilsiú de réir mar a thugtar iad san fhógra a bheith i láthair don scrúdú, mar ainm agus seoladh iarrthóra ar gearradh pionós air/uirthi agus féadfaidh an tAire, de réir na tuairime a shocróidh an tAire maidir le tromchúis an chiona, an t-iarrthóir a dhítheadú ó iontráil ar scrúduithe ar bith de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta go ceann feadh cibé tréimhse a shocróidh an tAire.

## Nóta Eolais d'Iarrthóirí – Ag Breathnú ar Scripteanna

### Marcáilte

Mar chabhair duit agus tú ag breathnú ar do script(eanna) marcáilte sula ndéanann tú achomharc agus chun cabhrú leat cinneadh ar cé acu an ndéanfaidh tú achomharc nó nach ndéanfaidh, b'fhéidir gur mhaith leat na pointí seo a chur san áireamh i rith an tseisiúin nuair a bhreathnaíonn tú ar scripteanna:

1. Ní scaoilfear do scripteanna amach chuig duine ar bith eile, fiú amháin le do chead.
2. Is féidir le duine amháin eile bheith in éineacht leat nuair atá tú ag breathnú ar script.
3. Ní bheidh ar fáil nuair atá tú ag Breathnú ar Scripteanna ach amháin an t-ábhar a cuireadh isteach i scríbhinn; scripteanna scríofa, dialanna d'obair chúrsa, etc.
4. Tá cead agat fón póca, táibléad nó ceamara digiteach a thabhairt isteach chun do script(eanna) féin a chóipeáil.
5. Níl cead agat cóipeanna a dhéanamh de scripteanna duine ar bith eile, fiú amháin lena c(h)ead.
6. Níl cead agat gléas digiteach a úsáid le haghaidh rud ar bith eile seachas an script a chóipeáil.
7. Ní cheadmhach aon uirlisí scríbhneoireachta san ionad breathnóireachta – tá an t-iarrthóir agus/nó duine ar bith eile atá in éineacht leis/léi san áireamh anseo.
8. Ar chúiseanna lena chinntiú go ndéantar na seisiúin chun Breathnú ar Scripteanna a réachtáil go héifeachtach agus in am, ní féidir leat nótaí a ghlacadh maidir le hábhar do scrípte ag baint úsáide as do ghléas digiteach agus tú san ionad breathnóireachta.
9. Ar chúiseanna slándála, déantar macasamhail de shampla de scripteanna sula ndéantar na bunscripteanna a sheoladh chun breathnú orthu. Coimeádann an CSS na cóipeanna agus déanfar iad a sheiceáil i gcoinne na scripteanna a chuirfear ar ais tar éis breathnú orthu. Tá an cleachtas seo riachtanach chun ardchaighdeán na scrúduithe a chosaint. Is sárú ar rialacháin na scrúduithe é má bhaintear do na scripteanna nó má dhéantar iarracht baint dóibh san ionad breathnóireachta.
10. Sa ghreille ar chlúdach an fhreagarleabhair tá an marc iomlán do gach ceist uimhrithe. Tá an marc iomlán don pháipéar iomlán (bónasmharcanna, más ann dóibh, as freagairt trí Ghaeilge san áireamh) sa bhosca sa ghreille marcáilte “Mór-Iomlán”.
11. I gcás na n-ábhar ina bhfuil níos mó ná comhpháirt amháin e.g. Páipéar 1, Páipéar 2, béaltrial, trial cluastuisceana, etc., cuirtear an marc do gach comhábhar isteach ceann ar cheann agus déantar é a phróiseáil go leictreonach.
12. Más mian leat tuilleadh a fhoghlaim faoi na marcanna sa ghreille do cheist ar bith, is féidir leat breathnú ar

na marcanna laistigh den fhreagarleabhar agus na pointí seo a leanas á gcur san áireamh agat:

- (a) Beidh an freagarleabhar marcáilte ag scrúdaitheoir amháin ar a laghad agus, i gcásanna áirithe, ag Scrúdaitheoir Comhairleach chomh maith, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh a lán marcanna air i lámha agus i ndathanna éagsúla.
- (b) Léiríonn marcanna taobh istigh de Lúibíní Cearnacha marcanna a dícheadaíodh ar cheisteanna nó ar chodanna de cheisteanna sa bhreis ar líon na gceisteanna a bhí ceadaithe don pháipéar.
- (c) Cuireann marcanna i gciorca in aice le hUimhir na Ceiste san imeall ar clé in iúl cad iad na marcanna iomlána a bronnadh as an gceist sin, agus ba chóir go mbeadh sé mar an gcéanna leis na marcanna ar an gceist sin atá scríofa sa ghreille ar chlúdach an fhreagarleabhair.

13. Áireamh an Ghráid.

Áiríodh do ghrád i ngach cás ar bhonn an mhairc iomláin a fuair tú, i gcóimheas leis an uasmharc don ábhar. Sa phróiseas grádúcháin, ní aistrítear marcanna ina gcéatadáin ná ní shlánaítear marcanna suas ná síos. Ar na marcanna atá an próiseas bunaithe. Ciallaíonn sé sin go dtarlaíonn an t-athrú sa ghrád ag leibhéal socraithe marcanna ar scála na marcanna don ábhar. Mar shampla, in ábhar ina mbíonn uasmharc de 400 *is é 200 an marc nach mór a bhaint amach le Grád H5/G5 a ghnóthú, agus is é 360 an marc atá ag teastáil le Grád A1/G1 a ghnóthú. Ar an mbonn sin is ionann 199 marc agus Grád A6/G6 agus is ionann 359 marc agus A2/G2.*

**N.B. Ní chuirtear na marcanna ar na Béaltrialacha, ar na Scrúduithe Praiticiúla ná ar Obair Thionscadail ar fáil go rialta.**

14. Tá na scrípteanna á gcur ar fáil le breathnú orthu chun cabhrú leat cinneadh ar cé acu an ndéanfaidh tú toradh a achomharc nó nach ndéanfaidh. Is trí phróiseas foirmiúil na n-achomharc amháin, agus tú ag baint úsáide as Foirm AP1 nó trí cheartú a lorg lasmuigh de phróiseas na n-achomharc agus foirm ROAP1 a úsáid. Tá an dá fhoirm ar fáil ón bhFeitheoir Eagrúcháin. Ní mór foirm AP1 agus/nó ROAP1 a chomhlánú lasmuigh den ionad breathnóireachta. Ní thabharfaidh na feitheoirí san ionad breathnóireachta soiléiriú d'iarrthóirí ná ní chuirfidh siad comhairle orthu ar aon slí i dtaca le próiseas na marcála.



Coimisiún na Scrúduithe Stáit  
State Examinations Commission

# REMINDER TO CANDIDATES

You are reminded that Examination papers for different levels are printed on different coloured paper as illustrated below:-

## LEAVING CERTIFICATE

Higher Level  
PINK



Ordinary Level  
BLUE



Foundation Level  
Mathematics & Irish  
PEACH



## LEAVING CERTIFICATE APPLIED

All subjects at Common Level - CREAM



## JUNIOR CERTIFICATE/CYCLE

Higher Level  
All Subjects



Ordinary Level  
All Subjects



Foundation Level  
Irish & Mathematics Only



Common Level  
CSPE ONLY



## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA FEIDHMÍ TRÁTHCHLÁR 2018

Ba chóir do gach iarrthóir a thabhairt dá (h)aire cé na laethanta agus na tráthanna atá socráithe ar an tráthchlár oifigiúil seo do na scrúduithe sna hábhair a mbeidh sé/sí ag dul faoi scrúdú iontu. Ní bheidh an Coimisiún freagrach as botún ar bith a d'ítheadfadh tarlú i dtáirgeadh an tráthchláir seo ag áisneachtaí seachtracha. Ní mór do na hiarrthóirí a bheith i láthair leathuair an chloig ar a laghad roimh thús an scrúdaithe sa chéad ábhar a mbeidh siad ag dul faoi scrúdú ann.

AN ARDTEISTIMÉIREACTH FHEIDHMEACH		MEITHEAMH	AN ARDTEISTIMÉIREACTH																									
AM	ÁBHAR		ÁBHAR A = Ardeibhéal G = Gnáthleibhéal B = Bonnleibhéal		AM																							
9.45 – 11.45 2.00 – 4.00	Béarla & Cumarsáid Oideachas Sóisialta	<b>DÉ CÉADAIOIN</b> <b>6</b>	Béarla, Páipéar 1 - A & G Eacnamaíocht Bhaile - Eolaíoch agus Sóisialta - A & G	9.30 – 12.20 2.00 – 4.30																								
9.30 – 10.30 9.30 – 12.30 2.00 – 4.30 2.00 – 3.00	Gaeilge Chumarsáideach Teanga Chomharthaíochta (féach nóta 6) Teanga Chomharthaíochta (féach nóta 6) Fraincis / Gearmáinis / Spáinnis / Iodáilis	<b>DÉARDAIOIN</b> <b>7</b>	Innealtóireacht - G Innealtóireacht - A Béarla, Páipéar 2 - A & G	9.30 – 12.00 9.30 – 12.30 2.00 – 5.20																								
9.30 – 11.30 2.00 – 3.30	Feidhmithe Matamaitice Óstán, Lónadóireacht & Turasóireacht	<b>DÉ hAOINE</b> <b>8</b>	Tíreolaíocht - A & G Matamaitic, Páipéar 1 - A & G Matamaitic - B	9.30 – 12.20 2.00 – 4.30 2.00 – 4.30																								
9.30 – 11.00 2.00 – 3.30	Innealtóireacht Cúram Leanaí / Cúram Pobail	<b>DÉ LUAIN</b> <b>11</b>	Matamaitic, Páipéar 2 - A & G Gaeilge, Páipéar 1 - A (Cluastuisceant san áireamh) Gaeilge, Páipéar 1 - G (Cluastuisceant san áireamh) Gaeilge - B (Cluastuisceant san áireamh) (Féach Nóta 2)	9.30 – 12.00 2.00 – 4.20 2.00 – 3.50 2.00 – 4.20																								
9.30 – 11.00 11.30 – 1.00 2.30 – 4.00	Staidéar Grafaice & Tógála Gruaig & Sciama Riarachán Oifige agus Cúram Custaiméirí	<b>DÉ MÁIRT</b> <b>12</b>	Gaeilge, Páipéar 2 - G Gaeilge, Páipéar 2 - A Araibis - A & G Bitheolaíocht - A & G	9.30 – 11.50 9.30 – 12.35 9.30 – 12.30 2.00 – 5.00																								
9.30 – 11.00 2.00 – 4.00	Talmhaíocht / Gairneoireacht Teicneolaíocht	<b>DÉ CÉADAIOIN</b> <b>13</b>	Fraincis - A & G - Scríofa - Cluastuisceant (Féach Nóta 3) Stair - A & G	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 2.00 – 4.50																								
9.30 – 11.00 2.00 – 3.30	Staidéar Fóillíochta Gníomhaí Ceardaíocht agus Dearadh	<b>DÉARDAIOIN</b> <b>14</b>	Gnó - G Gnó - A Ealaín - Stair & Léirtheicint - A & G Rúisis - A & G - Scríofa - Cluastuisceant (Féach Nóta 3)	9.30 – 12.00 9.30 – 12.30 2.00 – 4.30 2.00 – 4.30 4.40 – 5.20																								
<b>NÓTAÍ</b>		<b>DÉ hAOINE</b> <b>15</b>	Gearmáinis - A & G - Scríofa - Cluastuisceant (Féach Nóta 3) Staidéar Foirgníochta - G Staidéar Foirgníochta - A Laidin - A & G Léann Clasaiceach - A & G	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 2.00 – 4.30 2.00 – 5.00 2.00 – 5.00 2.00 – 5.00																								
<ol style="list-style-type: none"> <li>I gcás na seisiún scrúduithe atá aibhsithe leis an chló dhearg, tá 20 nóiméad curtha leo sa bhreis ar an am a bhíodh ar fáil go traidisiúnta do na páipéir atá i gceist.</li> <li>Beidh na trialacha cluastuisceana sa Ghaeilge san áireamh sa pháipéar scríofa agus níl áit ar leith acu ar an tráthchlár. Mairfidh an triail chluastuisceana sa Ghaeilge 20 nóiméad ar an Ardeibhéal agus ar an nGnáthleibhéal, agus 30 nóiméad ar an mBonnleibhéal.</li> <li>I ngach ábhar teanga eile a bhfuil mír chluastuisceana ag gabháil leis, tá am na trialach cluastuisceana bunaithe ar fhad na ndlúthdhioscaí agus ní mhairfidh an triail níos mó ná 40 nóiméad, an t-am léitheoireachta san áireamh.</li> <li>Reáchtálfar na Scrúduithe Ardteistiméireachta sa Léann Eabhrach, sa tSean-Ghréigis agus sna Teangacha Neamhchuraclaim ar an Luan 18ú Meitheamh ó 9.30am go 12.30pm.</li> </ol>		<b>DÉ LUAIN</b> <b>18</b>	Eolaíocht Talmhaíochta - A & G Léann Eabhrach, Sean-Ghréigis, Teangacha Neamhchuraclaim (Féach Nóta 4) Cuntasaíocht - A & G	9.30 – 12.00 9.30 – 12.30 2.00 – 5.00																								
		<b>DÉ MÁIRT</b> <b>19</b>	Spáinnis - A & G - Scríofa - Cluastuisceant (Féach Nóta 3) Ceimic - A & G	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 2.00 – 5.00																								
<table border="1" style="width: 100%; text-align: center;"> <thead> <tr> <th colspan="4">An Ardteistiméireacht – Scrúduithe Neamhchuraclaim</th> </tr> </thead> <tbody> <tr> <td>Bulgáiris</td> <td>Cróitis</td> <td>Danmhairgis</td> <td>Dúitsis</td> </tr> <tr> <td>Eastóinis</td> <td>Fionlainnis</td> <td>Laitvis</td> <td>Liotuáinis</td> </tr> <tr> <td>Nua-Ghréigis</td> <td>Polainnis</td> <td>Portaingéilis</td> <td>Rómáinis</td> </tr> <tr> <td>Seicis</td> <td>Slóvaicis</td> <td>Sualainnis</td> <td>Ungáiris</td> </tr> <tr> <td colspan="4">Slóivéinis</td> </tr> </tbody> </table>		An Ardteistiméireacht – Scrúduithe Neamhchuraclaim				Bulgáiris	Cróitis	Danmhairgis	Dúitsis	Eastóinis	Fionlainnis	Laitvis	Liotuáinis	Nua-Ghréigis	Polainnis	Portaingéilis	Rómáinis	Seicis	Slóvaicis	Sualainnis	Ungáiris	Slóivéinis				<b>DÉ CÉADAIOIN</b> <b>20</b>	Fisic - A & G Fisic agus Ceimic - A & G Grafaic Dhearaidh agus Chumarsáide - A & G An Pholaitíocht agus an tSochaí - A & G	9.30 – 12.30 9.30 – 12.30 2.00 – 5.00 2.00 – 4.30
An Ardteistiméireacht – Scrúduithe Neamhchuraclaim																												
Bulgáiris	Cróitis	Danmhairgis	Dúitsis																									
Eastóinis	Fionlainnis	Laitvis	Liotuáinis																									
Nua-Ghréigis	Polainnis	Portaingéilis	Rómáinis																									
Seicis	Slóvaicis	Sualainnis	Ungáiris																									
Slóivéinis																												
		<b>DÉARDAIOIN</b> <b>21</b>	Eacnamaíocht - A & G Eacnamaíocht Talmhaíochta - A & G Ceol - Éisteacht (Croichúrsa) - A & G Ceol - Cumadóireacht - A & G Ceol - Éisteacht (Ábhar Roghnach) - A	9.30 – 12.00 9.30 – 12.00 1.30 – 3.00 3.15 – 4.45 5.00 – 5.45																								
		<b>DÉ hAOINE</b> <b>22</b>	Iodáilis - A & G - Scríofa - Cluastuisceant (Féach Nóta 3) Seapáinis - A & G - Scríofa - Cluastuisceant (Féach Nóta 3) Teicneolaíocht - G Teicneolaíocht - A Oideachas Reiligiúnach - G Oideachas Reiligiúnach - A Matamaitic Fheidhmeach - A & G	9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 9.30 – 12.00 12.10 – 12.50 9.30 – 11.30 9.30 – 12.00 2.00 – 4.00 2.00 – 4.30 2.00 – 4.30																								
<ol style="list-style-type: none"> <li>Tá athruithe ar an tráthchlár i gcás na scrúduithe seo – Eacnamaíocht, Eacnamaíocht Talmhaíochta, Fisic, Fisic agus Ceimic, Eolaíocht Talmhaíochta. Beidh na scrúduithe seo ar siúl ar laethanta eile seachas mar a bhíodh blianta eile.</li> <li>Is é an clár ama 9.30 – 12.30 agus 2.00 – 4.30 atá socráithe don scrúdú i dTeanga na Comharthaíochta san Ardteistiméireacht Fheidhmeach. Déanfar scéideal a dhréachtú do gach ionad ar leith le freastal ar gach iarrthóir le haghaidh measúnú aonair a mhairfidh 30 nóiméad.</li> <li>Reáchtálfar an chéad scrúdú Ardteistiméireachta san ábhar nua, Polaitíocht agus an tSochaí, sna 41 scoil Chéim 1 a bhfuil an t-ábhar seo á thairiscint acu. Fógrófar dáta na scrúdaithe seo nuair a bheidh na hiontrálacha sna scoileanna seo ar Ardteistiméireacht 2018 ar eolas.</li> <li>Is é dáta tosaíthe Scrúduithe Teistiméireachta 2019 ná Dé Céadaoin, 5 Meitheamh.</li> </ol>																												